



# Ullamh

Eagarthóir: Seán Ó hAdhmaill

## Lámhleabhar Bainistíochta na Luathbhlianta Lán-Ghaeilge



BAINISTÍOCHT AGUS CEANNAIREACHT



PLEANÁIL CURACLAIM AGUS TEANGA



SEIRBHÍS ARDCHAIGHDEÁIN

Foilsithe ag  
Forbairt Naíonraí Teoranta,  
Halla Naomh Pádraig,  
Institiúid Oideachais Marino,  
Ascaill Uí Ghríofa,  
Baile Átha Cliath 9.

© Forbairt Naíonraí Teoranta 2015

Dearadh: Gaelink

Arna mhaoiniú ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus Foras na Gaeilge



# Clár na nÁbhar

|                                                                           |    |
|---------------------------------------------------------------------------|----|
| Réamhrá                                                                   | 5  |
| Cúlra Polaitiúil agus Sóisialta                                           | 6  |
| Bainistíocht agus Ceannaireacht                                           | 10 |
| Seirbhís Ardchaighdeán a Sholáthar                                        | 18 |
| Bainistíocht na Pleanála Teanga sa Naíonra                                | 25 |
| Pleanáil Curaclam agus Teanga sa Naíonra                                  | 30 |
| Tacú le Leanaí, le Teaghlaigh agus leis an bPobal                         | 43 |
| Foireann a Bhainistiú agus a Fhorbairt                                    | 51 |
| Ról an Stiúrthóra & Forbairt Ghairmiúil Leanúnach                         | 56 |
| Féinbhainistiú agus Féinfhorbairt                                         | 62 |
| Inmharthanacht an Naíonra a chinntiú                                      | 69 |
| Managing a Naíonra Session in a mainly English Medium Early Years Setting | 79 |

---





## Réamhrá

**TÁ BORRADH** tagtha ar an earnáil luathbhlianta agus tá c200 seirbhís luathbhlianta lán-Ghaeilge ann faoi láthair. Aithnítear ón aiseolas atá bailithe le himeacht na mblianta trí chuaipteanna ar naíonraí, trí chlinicí, trí chúrsaí oiliúna a sholáthar agus trí bheith ag plé ar bhonn laethúil le stiúrthóirí naíonraí nua agus buanaithe go bhfuil réimse leathan de shaineolas san earnáil luathbhlianta.

Tá dhá aidhm ag an Lámhleabhar Bainistíochta seo:

1. Áis threorach a chur ar fáil don stiúrthóir naíonra nua ar mian leis/léi cleachtas ardchaighdeán gnó a chur i bhfeidhm chun forbairt agus ráth an naíonra a éascú.
2. Acmhainn tagartha a chur ar fáil don stiúrthóir naíonra buanaithe ar mian leis/léi tabhairt faoi ghné ar leith de ghnó an Naíonra a fhorbairt.

Chomh maith leis an méid sin, beartaíodh go raibh gá le caibidil ar leith as Béarla a chur ar fáil do na seirbhísí naíonra sin atá lonnaithe in ionad chúram leanaí Bhéarla, céatadán den earnáil atá ag méadú bliain ar bhliain. Tá sé ríthábhachtach go dtuigfidh úinéirí agus bainisteoirí na n-ionad sin an tábhacht a bhaineann leis an bpleanáil teanga agus leis an gcóras luath-thumtha iomláin atá á chur i bhfeidhm.

Cé nach bhféadfaí gach ábhar a chlúdach in aon fhoilseachán amháin is cinnte go rachaidh an lámhleabhar seo i dtreo saineolas na hearnála luathbhlianta lán-Ghaeilge a chomhroinnt. Chomh maith leis seo, ag deireadh gach caibidle beidh liosta d'fhoinsí agus d'ábhar léitheoireachta breise ar fáil don léitheoir. Úsáidfear an fho-rannóg seo chun áiseanna i nGaeilge agus i mBéarla (nuair nach bhfuil a leithéid ar fáil i nGaeilge) a chur ar fáil don léitheoir.


Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le húdair *Ullamh*. Tá an t-ádh linn go raibh saineolaithe as an iliomad réimsí oibre toilteanach ionchur a bheith acu sa lámhleabhar úrnua seo. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le baill foirne agus le comhaltaí boird Fhorbairt Naíonraí Teoranta as a n-ionchur, a n-aiseolas agus a gcomhairle agus muid ag obair chun an Lámhleabhar Bainistíochta seo a chur i gcrích. Gabhaim buíochas chomh maith le Foras na Gaeilge agus le Pobal, ar grúpaí iad a chur maoiniú ar fáil don tionscadal seo.

Seán Ó hAdhmaill  
Eagarthóir  
Meitheamh 2015



# Cúlra Polaitiúil agus Sóisialta

Le Cíairín de Buis, *Start Strong*



“

Sa bhliain 2013 bhain 94% den aoisghrúpa incháilithe leas as an tSaorbhliain Réamhscolaíochta. Tá an tSaorbhliain Réamhscolaíochta tar éis na luathbhlianta in Éirinn a athrú ó bhonn – ba é an chéad uair a rinne Rialtas na hÉireann infheistiú ar leith sna luathbhlianta do leanaí óga

”

**BEIDH LUATHBHLIANTA** an linbh a shaolófar sa bhliain 2015 éagsúil go maith ó luathbhlianta an linbh a saolaíodh fiú 10 mbliain ó shin. Tuigfidh aon duine ag a bhfuil spéis bheag fiú sna luathbhlianta gur tháinig athrú nár bheag ar an gcuid seo den saol le himeacht na 10 mbliana sin. Tháinig agus d'ímigh an Liúntas Luathaoise, rinneadh *Síolta* agus *Aistear* a fhorbairt, tugadh isteach an tSaorbhliain Réamhscolaíochta sa Chúram agus Oideachas Luathbhlianta, cuireadh aireacht nua ar bun agus bunaíodh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, ghlac an pobal leis an Reifreann um Chearta Leanaí, tá Straitéis do na Luathbhlianta á forbairt faoi láthair, agus tá deireadh tagtha le Forbairt Naíonraí Teoranta. Le linn na tréimhse seo freisin tháinig méadú suntasach ar na costais a bhí le híoc ag tuismitheoirí as seirbhísí cúraim leanaí, ar sheirbhísí iad a bhí ar chaighdeán íseal go minic. Bhí roinnt de na costais seo ar na costais cúraim leanaí ab airde san OECD fiú amháin. I bhformhór na gcásanna, ní bhíonn rialachán ceart ann d'oibrithe baile sa chúram leanaí ná dóibh siúd atá ag obair sa chúram leanaí; is iondúil nach bhfaigheann siad íocaíocht cheart agus nach mbíonn a bpost buan ach an oiread.

Is iomaí athrú a thit amach le 10 mbliana anuas, ach ba é an t-athrú ba shuntasáí ó thaobh polasaí de teacht na Saorbhliana Réamhscolaíochta sa Chúram agus Oideachas Luathbhlianta. Bhí gá le Buiséad Breise in Aibreán 2009 de dheasca na géarchéime eacnamaíochta in Éirinn – buiséad géarchéime inar gearradh siar go mór ar chaiteachas an rialtais agus a thug isteach ciorruithe i ngach aon roinn rialtais. Fógraíodh an tSaorbhliain Réamhscolaíochta sa Chúram agus Oideachas Luathbhlianta ar chostas tuairim is €170m sa bhliain, agus cuireadh deireadh leis an Liúntas Luathaoise ag an am céanna, rud a bhíodh costas €480m air sa bhliain go dtí sin.

Cé go raibh costas i bhfad ní ba lú ar an tSaorbhliain Réamhscolaíochta don Rialtas, b'fhéidir nárbh aon chomhtharlú é gur fhoilsigh UNICEF *'The Childcare Transition' - A league table of Early Childhood Education and Care in Economically Advanced Countries* (UNICEF 2008) an bhliain roimhe sin. Sa tuarascáil, rinneadh measúnú ar na deich gcaighdeán sa Chúram agus sa Luath-Oideachas i 25 tír de chuid an OECD agus cuireadh i gcomparáid lena chéile iad. Bhí na torthaí i leith na hÉireann go hainnis sa chaoi nach raibh ach aon chaighdeán amháin comhlíonta. Bhíomar ag bun an tábla comparáide. Sa bhliain chéanna, mheas Forfás nár fhreastail ach 5% de leanaí 3 bliana d'aois in Éirinn ar chlár oideachais réamhscolaíochta (Forfás 2008).

Sa bhliain 2013 bhain 94% den aoisghrúpa incháilithe leas as an tSaorbhliain Réamhscolaíochta. Tá an tSaorbhliain Réamhscolaíochta tar éis na luathbhlianta in Éirinn a athrú ó bhonn – ba é an chéad uair a rinne Rialtas na hÉireann infheistiú ar leith sna luathbhlianta do leanaí óga.

Mar sin féin, tá neart fós le déanamh againn. De réir an OECD, ní dhéanann Éire ach infheistiú bliantúil sa chúram leanaí agus i seirbhísí luathbhlianta arb ionann é agus 0.4% den olltáirgeacht intíre (GDP), i gcomparáid le 0.7% ar an meán san OECD. Is ionann an caiteachas in Éirinn ar sheirbhísí luathchúraim agus luathbhlianta *roimh dhul ar scoil* agus tuairim is €300m, nó níos lú ná 0.2% den olltáirgeacht intíre/GDP (Start Strong, 2013). Is é 1% an tslat tomhais a bhfuil glacadh léi go hidirnáisiúnta i dtaca leis an infheistiú bliantúil a bhíonn de dhíth.

Is í foghlaim an linbh bunús na luathbhlianta, agus tá tábhacht ar leith ag baint leis an oideachas ar an iomlán do leanaí óga. Is mó an méid foghlama agus forbartha a dhéanann an leanbh roimh 3 bliana d'aois ná ag aon aois ina dhiaidh sin. Léiríonn taighde ón mBreatain an nasc idir fhorbairt chognaíoch an linbh roimh 3 bliana d'aois agus na cáilíochtaí oideachais a bhaintear amach tar éis dó/di teacht in aibíocht (Feinstein 2003).

Léiríonn an taighde is déanaí, áfach, nach mbaintear amach toradh dearfach de bharr caiteachais ar leanaí óga ach amháin nuair a bhíonn na seirbhísí agus an tacaíocht a fhaigheann siad ar ardchaighdeán. (OECD 2012)

Is eol dúinn gur iondúil a chuirtear an dea-chleachtas i bhfeidhm ar na luathbhlianta agus ar sheirbhísí oideachais in Éirinn. Is eol dúinn chomh maith, áfach, go gcuirtear fíor-dhroch-chleachtas i bhfeidhm ar uairibh, rud a dhéanann damáiste don leanbh.

Bhí an fiosrúchán de chuid Prime Time *A Breach of Trust* (RTÉ 2013) dírithe ar thrí sheirbhís cúraim lánlae a fheidhmíonn ar bhonn príobháideach. Léirigh an clár go soiléir go bhfuil na cúiseanna agus na priacail uilechuimsitheach. Léirigh sé chomh maith gur caitheadh airgead poiblí ar sheirbhísí a bhí ar chaighdeán íseal nó a raibh amhras fúthu, an tSaorbhliain Réamhscolaíochta ina measc.

Ní foláir dúinn a chinntiú nach bhfuil aon leanbh i seirbhís luathbhlianta atá ar chaighdeán íseal. Ní cóir dúinn glacadh leis go mbeadh airgead poiblí á chaitheamh ar sheirbhísí atá ar chaighdeán íseal.

Le déanaí, tosaíodh amach ar céimeanna a thógáil lena chinntiú go bhfeabhsófar na caighdeáin, m.sh. reachtaíocht i leith cáilíochtaí bunúsacha i measc foirne oibre a cuireadh ar athló bliana le déanaí, méadú ar iarmhairtí do dhaoine nach gclóinn le rialacha, tuarascála cigireachta a chur ar fáil ar líne, agus bunú Sheirbhís Náisiúnta Tacaíochta Ardchaighdeán na Luathbhlianta.

Níl iontu seo, cosúil leis an lámhleabhar bainistíochta seo, ach céimeanna tosaigh agus ní mór dúinn go leor eile a dhéanamh. Tá an chéad Straitéis Náisiúnta i leith na Luathbhlianta á forbairt ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Tabharfaidh an straitéis seo deis dúinn forbairt na hearnála a chur chun cinn – beidh gá le huaillmhian agus le ceannaireacht pholaitiúil chun difir suntasach a dhéanamh. Tá uair na cinniúna linn ó thaobh cúrsaí luathbhlianta de – anois agus an Straitéis i leith na Luathbhlianta á cur le chéile, beidh deis againn athrú chun feabhais a dhéanamh ar chúrsaí agus deimhin a dhéanamh de nach mbeidh ar aon leanbh dul isteach i seirbhís ar chaighdeán íseal; nach mbeidh aon stró ar thuismitheoirí íoc as seirbhísí luathbhlianta ar ardchaighdeán dá gclann; go mbeidh córas luathbhlianta den chéad scoth ar fáil in Éirinn.

Tá uair na cinniúna buailte linn ó thaobh fhorbairt na luathbhlianta in Éirinn de. Is ar éigean a bheidh deis mar seo againn arís go ceann i bhfad. Ní mór dúinne, .i. na daoine atá ag obair san earnáil luathbhlianta, a chinntiú go mbeidh an Straitéis i leith na Luathbhlianta leagtha amach go hiomlán i gceart againn. Luíonn sé le ciall eacnamaíochta go ndéanfaí infheistíocht i seirbhísí luathbhlianta ar ardchaighdeán. Is é an pobal a bhainfidh tairbhe as. Thar aon ní eile, is iad leanaí na tíre a bhainfidh tairbhe as.

## Foinsí agus Breis Léitheoireachta

Feinstein, L. (2003) *Inequality in the Early Cognitive Development of British Children in the 1970 Cohort*. *Economica*, 70: 73–97.

Forfás (2008) *Benchmarking Ireland's Performance*. National Competitiveness Council. Baile Átha Cliath, Éire.

OECD (2012) *Starting Strong III, I. 9* [Ar Líne] Le fáil ag: <http://www.oecd.org/edu/school/startingstrongiii-aqualitytoolboxforearlychildhoodeducationandcare.htm> (Aimsithe ar 14.01.15)

RTÉ (2013) *RTÉ to broadcast Prime Time 'A Breach of Trust'*. [Ar Líne] Le fáil ag: <http://www.rte.ie/news/player/2013/0528/3540024-rte-to-broadcast-prime-time-a-breach-of-trust> (Aimsithe ar 24.01.15)

Start Strong (2013) *Shaping the Future*. Start Strong. Baile Átha Cliath, Éire.

UNICEF (2008) *The Child Care Transition: A League Table of Early Childhood Education and Care in Economically Advanced Countries*. UNICEF Innocenti Research Centre. Florence, An Iodáil.



# Bainistíocht agus Ceannaireacht

Le Seán Ó hAdhmaill



*Tá tréithe doimhne daonna ag teastáil ó cheannairí san earnáil luathbhlianta a théann níos faide ná an ghnáth-thuiscint ar údarás.*

## Síolta

Tagraíonn *Caighdeán 10 agus 11: Eagrú agus Caighdeán Cleachtais Ghairmiúil* go sonrach do cheisteanna na bainistíochta agus na ceannaireachta.

## Aistear

Tagraíonn *Comhpháirtíochtaí a Chruthú agus a Chothú idir Tuismitheoirí agus Cleachtóirí* sa lámhleabhar *Treoirlínte le haghaidh an Dea-Chleachtais* do choincheap na comhpháirtíochta, rud atá lárnach don cheannaireacht.

## Sár Shaothar

Tagraíonn *Caibidil 9: Bainistíocht / Oiliúint* do cheisteanna riaracháin, earcaíochta agus forbartha foirne.

**TÁ SÉ** rithábhachtach go mbeidh tuiscint ag an léitheoir ar na bunchoincheapanna bainistíochta agus ceannaireachta chun go mbainfí an leas is fearr as an Lámhleabhar Bainistíochta seo.

Sula dtógfaí ról ceannaireachta, is fiú machnamh a dhéanamh ar an aistriú ó leanaí amháin a stiúradh go dtí daoine fásta a spreagadh agus a bhainistiú, agus ar na dualgais riaracháin bhreise eile a thagann le ról ceannaireachta. (Siraj-Blatchford agus Manni 2007: 6)

## Cad is ceannaire ann?

Tá tréithe doimhne daonna ag teastáil ó cheannairí san earnáil luathbhlianta a théann níos faide ná an ghnáth-thuiscint ar údarás. Tá an coincheap traidisiúnta de cheannaire mar an indibhidiúil atá i gcumhacht róshrianta mar chur síos ar cad is fíorcheannaireacht ann. Is próiseas imeartha tionchair í an cheannaireacht a fhorbraíonn idir ceannaire agus baill foirne de réir mar a chothaíonn siad gaolta lena chéile ar mhaithe le hathraithe a dhéanamh atá bunaithe ar fhís agus ar chur chuige aontaithe. Is freagracht indibhidiúil agus is comhfhreagracht eiticíúil í an cheannaireacht. Bíodh sin mar atá, bíonn freagrachtaí breise ag an gceannaire san ionad luathbhlianta de bharr go mbíonn baint aige nó aici, ní hamháin le gnéithe oideolaíoch, ach le cúrsaí feidhmiúcháin na seirbhíse freisin, bíodh sé i dtaobh acmhainní foirne agus ama a eagrú agus a bhainistiú nó plé le cúrsaí earcaíochta agus monatóireachta. (Lewis & Hill 2012)

Is cuid lárnach de ról an cheannaire éifeachtaigh ná gaolta a chothú. Léiríonn ceannairí éifeachtacha léirthuiscint agus comhbhá. (Kouzes agus Posner 1999: 9) Bíonn siad oscailte agus mothálach i dtaobh riachtanas agus éagsúlachtaí daoine eile. Bíonn siad ionbháúil agus cabhraíonn siad le daoine eile fás agus forbairt mar dhaoine. Feiceann na ceannairí seo cumas i ngan fhios agus spreagann siad é. Éisteann siad leo siúd atá mórthimpeall orthu agus foghlaimíonn siad uathu. Aithníonn siad nach ionann easpa cumais i ngné amháin de phost agus easpa cumais i ngach gné den phost. Éiríonn leis na ceannairí seo cumais an fhostaí a fhíorú ach an fhéinmhuinín a spreagadh trí mheas a léiriú dóibh. (Shelton, et al 2002 51-52).

## Cad is bainisteoir ann?

Is ionann bainisteoir agus an duine atá freagrach as cumas na heagraíochta a fhorbairt ar mhaithe le plean an lucht ceannaireachta (go minic an duine céanna san earnáil luathbhlianta lán-Ghaeilge) a chur i ngníomh. Mar sin, is é an bainisteoir a bhíonn ag plé le tascanna éagsúla amhail eagrú, pleanáil, buiséadú, monatóireacht, smachtú agus réiteach fadhbanna a chur i bhfeidhm. (Meadows 2006)

## Cad a dhéanann an bainisteoir nó an ceannaire luathbhlianta éifeachtach?

### **Féinmheastóireacht ar scileanna bainistíochta**

Aithníonn an Comhlachas Ghnóthas Beag agus Meánmhéide na hÉireann (ISME) 6 chroíscil bhainistíochta: .i. pleanáil, cumarsáid, obair foirne, ceannaireacht, éifeachtacht phearsanta agus bainistiú daonna, mar a léirítear i bhFíor 1 thíos. (ISME 2012: 15)



**Fíor 1:** Croíscileanna Bainistíochta ISME

## Pleanáil

Tá bainisteoirí freagrach as acmhainní na heagraíochta, mar shampla, airgead, daoine, trealamh, srl. a úsáid go héifeachtúil. Is gá do bhainisteoirí pleananna a ullmhú, a chur i láthair, a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh orthu chun aidhmeanna agus cuspóirí na heagraíochta a bhaint amach. (ISME 2012: 17)

### Sampla

Nuair a ullmhaítear plean seachtaine/míosa le réimse gníomhaíochtaí, is gá go mbeadh an trealamh cuí ar fáil don ghníomhaíocht féin .i. an bhfuil go leor péinte fágtha le tabhairt faoi phéinteáil má tá sé luaite go sonrach sa phlean?

## Cumarsáid


Tá prionsabail agus cur chuige na cumarsáide éifeachtaí lárnach do ról an bhainisteora. Is gá don bhainisteoir cumarsáid a dhéanamh le réimse leathan daoine, idir bhaill foirne, leanaí óga, thuismitheoirí, mhic léinn ar thaithí oibre, chigirí agus phríomhoidí go héifeachtach. Is ríthábhachtach gur féidir le bainisteoir a d(h)earcthaí, a smaointe agus a c(h)uid pleananna a eagrú, a chur i láthair agus a mhíniú bunaithe ar riachtanais na ndaoine a bhfuil sé/sí ag idirghníomhú leo. (ISME 2012: 18)

### Sampla

Scríobhtar nótaí atá dírithe ar thuismitheoirí go dátheangach ach is i nGaeilge amháin a dhéantar cumarsáid labhartha le leanaí óga an naíonra.

## Obair Foirne

Is trí chomhoibriú le daoine eile, agus mar chuid d'fhoireann go hiondúil, a éiríonn leis an mbainisteoir aidhmeanna agus cuspóirí na heagraíochta a bhaint amach. Tá tábhacht ar leith ag baint le gach ball foirne a spreagadh nuair atá an bainisteoir ag cothú agus ag bainistiú foirne éifeachtacha. Bíonn de dhualgas ar an mbainisteoir a chinntiú, ní hamháin go dtuigeann gach ball foirne an ról atá acu, ach go bhfuil gach ball foirne in ann don tasc (cabhair don léitheoir é an íomhá a leanas, Fíor 2) a thugtar dóibh d'fhonn na torthaí is fearr a bhaint amach don eagraíocht. (ISME 2012: 19)



**Fíor 2:** Íomhá bunaithe ar an bhfabhalscéal *The Animal School* (Reavis 1940).

## Ceannaireacht (croíscil)

Is ceannairí daoine iad na bainisteoirí ar gá dóibh nuálaíocht, tiomantas agus forbairt a spreagadh ina gcuid fostaithe chun a gcuid aidhmeanna agus cuspóirí eagraíochtúla a bhaint amach. Is gá do bhainisteoirí gaolta oibre láidre a thógáil leis na baill foirne le feidhmiú go héifeachtach. Roinnt bealaí chun tabhairt faoi seo ná trí chomhairle agus trí threoir shoiléir a sholáthar, trí fheidhmiú ar nós eiseamláir (dea-shampla a léiriú) agus trí mheas a léiriú do thuairimí agus do dhearcthaí éagsúla. (ISME 2012: 20)

### Sampla

Forbraítear an nuálaíocht sa naíonra nuair a thugann baill foirne an naíonra úinéireacht ar fhorbairt na seirbhíse. Tabhair deis dóibh moltaí a thabhairt ar conas an naíonra a fhorbairt agus taithí níos saibhre a thabhairt do na leanaí (*Síolta*: Caighdeán 4: Comhairliúchán agus SárShaothar sa Naíonra).

## Éifeachtacht Phearsanta

Cumasaíonn éifeachtacht phearsanta an bhainisteora torthaí agus cuspóirí pearsanta agus eagraíochtúla a bhaint amach. Bíonn an iliomad cinntí le glacadh ag bainisteoirí ar bhonn laethúil: roghanna faoi thosaíocht a thabhairt do ghníomhartha éagsúla thar chinn eile, conas a gcuid ama a bhainistiú, conas a gcuid pleananna agus tuairimí a chur i láthair agus a mhíniú do dhaoine eile. Gné thábhachtach d'éifeachtacht phearsanta a fhorbairt ná riachtanais forbartha pearsanta a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu. (ISME 2012: 21)

## Modh A-B-C-D-E chun Tosaíochtaí a chur in Ord

Uirlis úsáideach chun cabhrú leat tascanna a chur in ord tosaíochta ná an modh A-B-C-D-E:

A

**An-tábhachtach:** gníomh ar gá tabhairt faoi nó beidh droch-iarmhairtí aige, m.sh. táillí ó thuismitheoirí a lóisteáil sa chuntas bainc.

B

**Tábhachtach:** gníomh ar cóir tabhairt faoi. Ní bhíonn a leithéid de ghníomhartha chomh tábhachtach le gníomhartha “A”. Ní tharlódh aon rud tromchúiseach (sa ghearrthéarma) mura gcuirfear an tasc seo i gcrích m.sh. seomra an naíonra a chóiriú agus a ghlanadh.

C

**Dearfach ach níl práinn leis:** Ní bhíonn siad seo chomh tábhachtach le tascanna “A” ná “B” m.sh. Ciorcal comhrá a eagrú do thuismitheoirí.

D

**Tarmlig:** Is féidir leat an tasc seo a tharmligean chuig duine eile ar féidir leis/léi tabhairt faoin tasc m.sh. Obair ealaíne na leanaí a bhaint de na ballaí agus a chur i bhfillteáin le tabhairt abhaile ag deireadh an téarma.

E

**Cuir as an áireamh, más féidir:** Is cóir gach uile thasc is féidir a chur as an áireamh ar mhaithe le ham a fháil le caitheamh ar na tascanna tosaíochta m.sh. d'fhéadfaí deireadh a chur leis an gcleachtas seicleabhar a úsáid do ghnó an naíonra, bíonn siad níos costasaí agus níos moille le próiseáil ná focaíochtaí ar líne.

Is uirlis éifeachtach é an Modh A-B-C-D-E a chabhróidh leis an mbainisteoir idirdhealú a dhéanamh idir na tascanna atá tábhachtach agus na cinn nach bhfuil, rud a chabhróidh leis athdhíriú ar na tascanna tosaíochta sin (Tracy 2008) agus ualach na hoibre a laghdú beagán.

## Daoine a Bhainistiú

D'fhéadfadh sé gurb é seo an ghné is dúshlánaí den bhainistíocht, is é sin an bhainistíocht agus an fhorbairt dhaonna. Is gá do bhainisteoirí cuspóirí soiléire, intomhaiste a aontú, feidhmíocht indibhidiúil, agus feidhmíocht foirne i gcásanna ar leith, a bhainistiú agus aiseolas cuiditheach agus rialta a thabhairt dóibh ar a gcuid feidhmíochta. Ina theannta sin, caithfidh bainisteoirí tacaíocht oiriúnach, thráthúil a sholáthar do dhaoine lena chinntiú go mbíonn an t-eolas agus na scileanna cuí acu chun a gcuid cuspóirí a bhaint amach. (ISME 2012: 22) Déantar tuilleadh plé ar an ngné seo den bhainistíocht i gCaibidil 7: Foireann a Bhainistiú agus a Fhorbairt (Lch. 51)

## Oiliúint Fhoirmiúil sa Bhainistíocht

Ar an iomlán, dar le taighde ISME, d'éirigh ní b'fhearr le bainisteoirí a bhí oiliúint fhoirmiúil déanta acu ar aon cheann de na téamaí seo a leanas: an bhainistíocht feidhmíochta, an cheannaireacht foirne, an phleanáil, an fhorbairt foirne, an tarmligean agus/nó an chinnteoireacht. D'éirigh leo marc níos airde a fháil ná bainisteoirí nach raibh aon oiliúint fhoirmiúil bainte amach acu.

Bhí tionchar suntasach ag oiliúint fhoirmiúil sa tarmligean go háirithe ar an bpleanáil, ar an obair foirne, ar an éifeachtacht phearsanta agus ar an mbainistiú daonna. (2012: 36)



### Noda chun feabhsú mar bhainisteoir

- Cuir d'fhís don eagraíocht in iúl don fhoireann go rialta, bí cinnte go dtuigfidh siad an fhís agus go mbeidh siad spreagtha chun í a chur i bhfeidhm i gcomhar leat (d'fhéadfadh sé go dtógfadh sé seo roinnt ama).
- Lorg tuairimí na baill foirne ar conas an tseirbhís a fheabhsú agus déan beart de réir na moltaí de réir mar is cuí – léireoidh sé seo don fhoireann go mbíonn meas agat ar a dtuairimí.
- Tabhair aitheantas don fhoireann ar gach uile fheabhas, dhul chun cinn agus ghníomh barr feabhais, bídís beag nó mór, go rialta.

## Foinsí, Áiseanna agus Breis Léitheoireachta

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2009) Treoirínte le haghaidh an dea-chleachtais. [Ar Líne] Le fáil ag: [http://www.ncca.biz/Aistear/pdfs/Guidelines\\_IRISH/Guidelines\\_IRISH.pdf](http://www.ncca.biz/Aistear/pdfs/Guidelines_IRISH/Guidelines_IRISH.pdf) (Aimsithe ar 20.01.15)

Coiste Cúram Leanaí Chontae agus Chathair na Gaillimhe (2013) Roles and Responsibilities of Managers in Childcare Services. [Ar Líne] Le fáil ag: <http://www.galwaychildcare.com/uploadedfiles/files/Roles%20&%20Responsibilities%20of%20Managers%20in%20Childcare%20Services.pdf> (Aimsithe ar 14.01.15)

Daft, Richard L. (2015) Management: 12th Edition. Cengage Learning. Tennessee, S.A.M.

Eye 2 Eye Development LTD (2014) How good are you at key management skills? [Ar Líne] Le fáil ag: [http://www.eyeye2eye.com/resourcedir/Management\\_skills\\_quiz.pdf](http://www.eyeye2eye.com/resourcedir/Management_skills_quiz.pdf) (Aimsithe ar 13.01.15)

Hill, Linda A. (2013) Becoming a Manager: How New Managers Master the Challenges of Leadership. Harvard Business Press. MA, S.A.M.

ISME (2012) Perspectives 360: Management Skills in Small Medium Sized Enterprises: Benchmark Report No. 6: Ireland. [Ar Líne] Le fáil ag: [http://isme.ie/assets/sme\\_management\\_benchmark\\_report\\_ireland\\_final.pdf](http://isme.ie/assets/sme_management_benchmark_report_ireland_final.pdf) (Aimsithe ar 04.01.15)

KOUZES, J. & POSNER, B. (1999). Encouraging the Heart: A Leader's Guide to Rewarding and Recognizing Others. Jossey-Bass. San Francisco, S.A.M.

Lewis, Jenny agus Hill, Jenny (2012) What does Leadership Look Like in early childhood settings? Le fáil ag: [http://www.earlychildhoodaustralia.org.au/nqsplp/wp-content/uploads/2013/02/EC1204\\_What-does-leadership-look-like.pdf](http://www.earlychildhoodaustralia.org.au/nqsplp/wp-content/uploads/2013/02/EC1204_What-does-leadership-look-like.pdf) (Aimsithe ar 04.01.15)

Meadows, Maureen (2006) Leading a Revolution. [Ar Líne] Le fáil ag: <http://www.open.edu/openlearn/money-management/management/leadership-and-management/leading/leading-revolution> (Aimsithe ar 04.01.15)

O'Neill, Paula (2011) Managing Your Childcare Organisation: A Handbook for Voluntary Management Committees. Coiste Cúram Leanaí Chontae Bhaile Átha Cliath Theas: Baile Átha Cliath, Éire.

Reavis, George (1940) The Animal School: A Fable. [Ar Líne] Le fáil ag: <http://agsc.tamu.edu/384/AnimalSchool.pdf> (Aimsithe ar 04.01.15)

Shelton, Charlotte D., Darling, John R. agus Walker, W. Earl (2002). Foundations of Organizational Excellence: Leadership Values, Strategies, and Skills. [Ar Líne] Le fáil ag: [http://lta.hse.fi/2002/1/lta\\_2002\\_01\\_a2.pdf](http://lta.hse.fi/2002/1/lta_2002_01_a2.pdf) (Aimsithe ar 04.01.15)

Sinek, Simon (2014) Why good leaders make you feel safe? [Ar Líne] Le fáil ag: [http://www.ted.com/talks/simon\\_sinek\\_why\\_good\\_leaders\\_make\\_you\\_feel\\_safe?](http://www.ted.com/talks/simon_sinek_why_good_leaders_make_you_feel_safe?) (Aimsithe ar 04.01.15)

Siraj-Blatchford, Iram agus Manni, Laura (2007) Effective Leadership in the Early Years Sector: The ELEYS Study. Institute of Education. Londain, Sasana.

Tracy, Brian (2008) The ABCDE Method of Setting Priorities. [Ar Líne] Le fáil ag: <http://www.briantracy.com/blog/personal-success/the-abcde-method-for-setting-priorities> (Aimsithe ar 04.01.15)

Welch, Jack (2014) Lessons on Leadership featuring Jack Welch. Skillsoft Webinar. [Ar Líne] Le fáil ag: [http://www.skillsoft.com/online-learning-resources/webinar.asp?f=JackWelch\\_Per2014.mp4](http://www.skillsoft.com/online-learning-resources/webinar.asp?f=JackWelch_Per2014.mp4) (Aimsithe ar 04.01.15)

Wicker-Miurin, Fields (2009) Learning from Leadership's Missing Manual. [Ar Líne] Le fáil ag: [http://www.ted.com/playlists/140/how\\_leaders\\_inspire](http://www.ted.com/playlists/140/how_leaders_inspire) (Aimsithe ar 03.01.15)



# Seirbhís Ardchaighdeáin a Sholáthar

Bóthar chun Leasa sa Naíonra leis an Dr. Carmel Brennan



*Is gné ríthábhachtach d'obair an naíonra an bhreathnóireacht, gan í is beag fianaise nó taifead a bheadh ag an bhfoireann agus ag an lucht bainistíochta ar luach na seirbhíse a chuirtear ar fáil sa naíonra nó ar an dul chun cinn a bhíonn á dhéanamh ag na leanaí*

## Síolta

Tagraíonn Caighdeáin 1, 2, 3, 5, 6, 7: Cearta an Pháiste, Timpeallachtaí, Tuismitheoirí agus Teaghlaigh, Idirghníomhartha, Súgradh agus Curaclam faoi seach go sonrach do cheisteanna a bhaineann le seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar.

## Aistear

Tugann Treoirlínte le haghaidh an Dea-Chleachtais neart treorach faoi sheirbhís ardchaighdeáin a sholáthar.

## Sár Shaothar

Tagraíonn Caibidlí 1, 2, 3, 4, 5, 6, 8: Buneolas faoi Naíonra, Úsáid na Gaeilge, Súgradh, Timpeallachtaí, Cláir Oibre, Tuismitheoirí, Polasaithe, Cumarsáid do cheisteanna a bhaineann le seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar.

## Comhthéacs na mBóithre

Cén chaoi a mbíonn a fhios ag bainisteoirí naíonraí go bhfuil seirbhís ardchaighdeáin á soláthar acu? Cén chaoi ar féidir a dheimhniú go mbíonn an fhoireann i gcónaí ag forbairt – go mbíonn siad i gcónaí ag iarraidh dul i bhfeabhas? Seo iad na saincheistean a bhíonn ar intinn an bhainisteora. Díríonn an chaibidil seo ar na bunchéimeanna atá riachtanach chun na ceistean sin a fhreagairt. Ar dtús, déanfar tagairt do na frámaí náisiúnta agus ansin pléifear scéim is féidir a úsáid chun a dheimhniú go bhfuil an tseirbhís i gcónaí ar bhóthar a leasa.

Tá an t-ádh linn anois in Éirinn go bhfuil roinnt uirlisí tacaíochta againn chun caighdeán seirbhísí luathbhlianta a mheas agus a fhorbairt.

- Ar an gcéad dul síos tá na Rialacháin um Chúram Leanaí againn, Rialachán 5 ina measc. Leagann na rialacháin síos na bunchaighdeáin a chaithfimid a sholáthar de réir an dlí.
- Chomh maith leis sin tá *Síolta* (LFOLÓ 2006) againn – chun caighdeán níos airde fós a threorú. Tá *Síolta* bunaithe ar 16 chaighdeán. Tá muid chun díriú ar na cinn dhinimiciúla sa chaibidil seo mar is iad sin na cinn is tábhachtaí agus a thugann na dúshláin is mó dúinn. Sin iad na cinn is mó a bhaineann leis an gcuraclam laethúil sa naíonra. Le gach caighdeán, tugann *Síolta* ceistean agus noda dúinn a threoraíonn ár dtuiscint ar an dea-chleachtas. Chomh maith leis sin, tá fáil ar irisí taighde *Síolta*. (LFOLÓ 2010)
- Is é *Aistear* (CNCM 2009) an creat náisiúnta le haghaidh churaclam na luathbhlianta. Leagann *Aistear* síos prionsabail agus téamaí nó aidhmeanna an churaclaim do leanaí idir uair a mbreithe agus 6 bliana d'aois, is cuma cibé acu atá siad i naíolann, i naíonra nó ar scoil. Is cuma freisin cén fhealsúnacht nó cén modh curaclaim a leanann an tseirbhís, caithfidh siad dul i ngleic leis na prionsabail agus leis na téamaí sin. Ina theannta sin, tá treoracha ag *Aistear* dúinn faoi na próisis is fearr a luíonn leis na prionsabail sin agus is fearr a chabhraíonn linn na téamaí nó na haidhmeanna a bhaint amach. Leagann na treoracha sin béim ar na gnéithe seo a leanas, mar bíonn an-tionchar acu sin ar fhoghlaim agus ar fhorbairt an linbh:
  - (i) comhpháirtíocht le tuismitheoirí
  - (ii) súgradh
  - (iii) gaolta agus
  - (iv) measúnú.

## Na Céimeanna ar Bhóthar a Leasa

### Céim 1: Cad chuige an tseirbhís seo?

Tosaíonn an turas le comhrá i measc na foirne. Tá trí ábhar cainte sa chomhrá seo:

1. Céard iad na rudaí bunúsacha atá tábhachtach dúinn sa tseirbhís seo?
2. Céard atá uainn do na leanaí sa tseirbhís seo?
3. Céard í an fhealsúnacht foghlama a leanfaimid/a leanaimid?

Is comhrá é seo ar gá filleadh air arís agus arís eile ionas go mbíonn muid i gcónaí ag foghlaim agus ag teacht le chéile mar fhoireann. Tosaítear le babhta tobsmaointeoireachta chun na smaointe ar fad a bhailiú agus ansin déantar iarracht freagraí na gceistanna a aontú mar fhoireann.

### Achoimre Shamplach: Naíonra na Farraige

Sa Naíonra seo creidimid go bhfuil sé an-tábhachtach:

- (i). go dtuigimid cumas an linbh – is é sin an méid atá ar chumas an linbh agus an méid atá foghlamtha ag an leanbh faoin saol mór agus faoi shaol na ndaoine atá ann cheana féin
- (ii). go bhfuil de cheart ag an leanbh óg seal a chaitheamh mar leanbh sula dtiocfaidh sé/sí faoi bhrú bheith ag foghlaim ó shiollabas na scoile – is é sin go bhfuil rogha ag an leanbh na rudaí a bhfuil suim aige nó aici iontu a dhéanamh trína m(h)odhanna féin agus
- (iii). go n-aithnímid cearta agus tionchar an teaghlaigh agus an phobail ó thaobh oideachas an linbh de.

Tá muid ag iarraidh go rachaidh gach leanbh i dtaithí ar chuspóirí foghlama **Aistear** – go mbeidh siad sláintiúil ó thaobh coirp, intinne agus mothúcháin de; go n-aithneoidh siad iad féin mar dhaoine tábhachtacha, cumasacha agus grámhara; go bhfuil cumas cumarsáide acu, an Ghaeilge, an ghluaiseacht coirp agus na healaíona ina measc; go mbeidh dúil agus cumas acu i dtaobh smaoineamh faoin saol mór agus é a fhiosrú.

Creidimid go bhfoghlaimíonn an leanbh trí bheith páirteach in eachtraí suimiúla le daoine eile, idir leanaí eile agus dhaoine fásta. Tá an spraoi ar cheann de na modhanna nádúrtha is féidir leis an leanbh óg ciall a bhaint as a s(h)aol féin, as daoine eile, as na rialacha sóisialta agus as an timpeallacht. Cinntíonn an bainisteoir go mbíonn an dea-chleachtas seo á chur i bhfeidhm sa naíonra. Déantar é seo trí threoir a thabhairt agus le tacaíocht ón stiúrthóir/ó na stiúrthóirí, i gcomhar le tuismitheoirí agus leis an bpobal. Tá an líonra tacaíochta seo tábhachtach chun cabhrú leis na leanaí lena gcuid iniúchta – ag deimhniú go bhfuil idir na háiseanna, an t-eolas agus na scileanna atá uathu le haghaidh a gcuid iniúchta ar fáil agus, go mór mór, go mbíonn daoine ann a bhíonn ag éisteacht leo agus ag cabhrú leo a gcuid fadhbanna féin a réiteach. Ní fhoghlaimíonn an leanbh mar dhuine aonair ach i gcomhlúadar na ndaoine mórtimpeall air/ uirthi. Mar sin, leagaimid béim ar chomhoibriú agus ar chur le smaointe le chéile.

## Céim 2: Bunlíne - Conas atá ag éirí linn?

Tá ról athbhreithnithe ag bainisteoir na seirbhíse sa chaoi a ndéanann sé/sí athbhreithniú agus léirmheas ar chúrsaí sa tseirbhís mar a sheasann siad, ag leagan béime ar an gcleachtadh agus ar an tairbhe ó thaobh an linbh de. Is é an toradh a bheidh ar an gcleachtas seo ná go gcuirfear le muinín, le féinaitheantas agus le croí na foirne – ní druil gan chiall gan sástacht é. Is é an chaoi is fearr chun é sin a dheimhniú ná tosú ag bailiú scéalta – scéalta ó shúgradh agus ó obair na leanaí a chuireann gliondar croí agus iontas orainn – scéalta faoi rudaí beaga a tharlaíonn ó am go ham a bhíonn muid ag iarraidh a roinnt leis an duine taobh linn.



### Sampla: Rudaí a chloisimid gach lá

*An cairde muidne?*

*Is mise an spásaire. Tá mé ag cur culaith spáis orm.*

*Lig ort gur tusa an mháthair agus go bhfuil tú crosta mar rinne na leanaí praiseach den teach.*

*Féach ar an scáth baistí.*

*An maith leat mo bhróga nua?*

*Féach ar an bpéist. Tá sé ag lorg a mamaí. Cabhróimid leis.*

Sin iad na scéalta a chloisimid gach lá. Má bhíonn muid aireach, feicimid an leanbh cumasach, éirimiúil; an leanbh atá lán le hionadh faoin saol mór agus a bhíonn ag iarraidh freagraí; an leanbh a thugann grá don phobal timpeall air/uirthi.

Féach ar Uirlisí Úsáide *Aistear* chun scéalta eile a fheiceáil (CNCM 2009)

Féach ar scéalta foghlama samplacha faoin rannóg *Learning Stories Awards Early Childhood Ireland* (2014)

Is uirlisí úsáideacha iad na scéalta seo don bhainisteoir mar is féidir iad a úsáid ar roinnt mhaith bealaí sa naíonra. Ar dtús, cabhróidh siad le foireann an naíonra a bheith ag breathnú agus ag éisteacht. Is féidir iad a roinnt le pobal an naíonra, idir leanaí, stiúrthóirí agus tuismitheoirí, go dtí go dtiocfaimid ar thuiscint níos iomláine faoina bhfuil ar siúl. Is taifead iad ar chleachtas ardchaighdeán do chigirí *Pobal* agus *Tusla*.

Chomh maith leis an méid sin, is féidir ceisteanna agus fiosrúcháin na leanaí a aithint ionas gur féidir iad a phlé agus a fhorbairt. Sa chaoi seo, is féidir leis na stiúrthóirí a bheith ag foghlaim agus ag leanúint na leanaí. Is ar an gcaoi seo a bhforbraítear an curaclam. Bíonn muid ag cur le cumas an linbh agus le cumas an stiúrthóra. Bíonn siad araon ag obair le chéile agus ag baint taitnimh agus tairbhe as an gcomhpháirtíocht sin.

Is é ról an bhainisteora sa phróiseas seo ná a chinntiú go mbíonn na nósanna imeachta, an timpeallacht foghlama, an t-am agus an spreagadh cuí á gcur ar fáil chun an cleachtas ardchaighdeán seo a chinntiú. Is gné ríthábhachtach d’obair an naíonra an bhreathnóireacht, gan í is beag fianaise nó taifead a bheadh ag an bhfoireann agus ag an lucht bainistíochta ar luach na seirbhíse a chuirtear ar fáil sa naíonra nó ar an dul chun cinn a bhíonn á dhéanamh ag na leanaí. Tugtar sampla den bhreathnóireacht thíos ach tugtar breis eolais faoi áiseanna breathnóireachta anseo thíos freisin:

### **SAMPLA: Naíonra na Farraige. Tá Sorch, an stiúrthóir, i mbun breathnóireachta.**

Tá Áine agus Caoimhe ag dul ar saoire. Cruthaíonn siad atmaisféar spráúil chun dul leis an téama.

“Hurá”, a deir Caoimhe, “beidh cóisir againn ann”. Tá siad ag úsáid málaí siopadóireachta agus leabhair mar mhálaí taistil agus irisí. Ullmhaíonn siad an bhábóg amhail is dá mba bhabaí í atá ag teacht leo.

“Táimid ag dul chuig an Spáinn”, a deir Áine.

“Gabh i leith go gceannóimid ticéad. An bhfuil pas agat?”, a deir Caoimhe “Ní féidir dul ar an eitleán gan phas”. Téann siad go dtí an siopa san aerfort agus ceannaíonn siad rudaí chun an babaí a cheansú agus a choinneáil gnóthach.

Níos deireanaí, bailíonn Sorch, an stiúrthóir, grúpa beag timpeall uirthi.

“Thug mé faoi deara”, a deir sí, “go raibh sibh ag dul ar saoire níos luaithe. Inis dúinn faoi”. Insíonn an bheirt an scéal faoi dhul chuig an Spáinn. Ansin tosaíonn an comhrá faoi shaoirí. Tá gach leanbh ag iarraidh a scéal féin a insint. Cabhraíonn Sorch leo éisteacht lena chéile. Tugann sí le tuiscint dóibh go bhfuil sí ag éisteacht leo. Scríobhann sí síos nótaí beaga. Léann sí na nótaí ar ais dóibh lena dheimhniú go bhfuil an t-eolas ceart aici. Iarrann sí orthu pictiúir a tharraingt dá laethanta saoire. Tá seans aici a thuilleadh éisteachta a dhéanamh. Scríobhann sí míniú beag a thugann gach leanbh di le haghaidh an phictiúir. Míníonn Nóirín gur carbhán atá ann agus tá siad cois farraige. Tarraingíonn Síle pictiúr den bhóthar go dtí teach a mamó. Pictiúr den mhála ag dul tríd an gcrios iompair san aerfort atá i gceist ag Rónán.

Tá go leor ábhar comhrá le roinnt leis na tuismitheoirí anois ag Sorch agus go leor fiosrúchán is féidir a leanúint leis na leanaí. Tá iontas ar mháthair Shíle gur chuimhin léi an chuairt ar theach a mamó, mar tá níos mó ná bliain go leith caite ó bhí sí ann. Míníonn máthair Rónáin cé chomh fiosrach is a bhí sé faoin gcrios iompair.

Sna laethanta ina dhiaidh sin, le cabhair ó Sorch, bhailigh na leanaí rudaí a bhí siad in ann a úsáid agus iad ag súgradh faoi dhul ar saoire. Rinne siad pasanna. Rinne siad crios iompair agus phléigh siad na rudaí a thaistealaíonn agus nach dtaistealaíonn air. Nuair a bhí Seán ag dul ar saoire, rinne an grúpa liosta de na grianghraif a bhí uathu. Thóg sé grianghraif den chrios iompair, den eitleán, srl.

Scríobh Sorch, le cabhair ó na leanaí, scéalta beaga faoi fhoghlaim na leanaí le cur abhaile chuig na tuismitheoirí. Chuir siad leo lena scéalta agus lena dtuiscint féin.

Féach teimpléid bhreathnóireachta *Súil Súil Eile* (Rawdon 2014) agus *Lámhleabhar do Stiúrthóirí Nua Fhorbairt Naíonraí Teoranta* (Rawdon 2015)

### Céim 3: Plean feabhsaithe - Conas is féidir linn an cleachtas a fheabhsú?

Nuair a bhíonn na scéalta bailithe ag na stiúrthóirí, tagann siad le chéile chun caint fúthu. Tá siad bródúil as an méid foghlama agus forbartha atá ar siúl sa tseirbhís. Pléann siad conas a dhéanfaidh siad a thuilleadh taighde leis na leanaí faoi na ceisteanna atá á bplé acu. Tá siad lán le smaointe agus le fuinneamh anois. Tuigeann siad cé chomh tábhachtach is atá an obair a dhéanann siad agus cé chomh cumasach is atá na leanaí nuair a éistear leo.

Tá an fhoireann ag iarraidh cur leis an tseirbhís agus leis an eolas atá acu. Féachann siad ar na scéalta arís agus an uair seo tá ceisteanna acu, ceisteanna a éiríonn de dhroim *Aistear* agus *Síolta*.



#### Ceisteanna Meabhraitheacha

Conas is féidir linn guth an linbh a dhaingniú sa churaclam?

Conas is féidir linn níos mó rogha a thabhairt dóibh?

Conas is féidir a dheimhniú go bhfuil Pól beag páirteach sa ghrúpa?

Conas is féidir an timpeallacht agus na háiseanna a fhorbairt chun an súgradh agus an fiosrúchán seo ar fad a fheabhsú?

Conas is féidir linn níos mó teagmhála a dhéanamh leis na tuismitheoirí, níos mó suime a mhúscail sna heachtraí a bhíonn ar siúl?

Cén sórt caidrimh agus ceisteanna a chabhróidh leis na leanaí fanacht leis an bhfadhb agus teacht ar réiteach?

An bhfuil aon duine nó aon áit sa phobal a chuirfeadh leis an eolas a theastaíonn ó na leanaí?

Féach Caighdeáin 1, 2, 3, 5, 6 agus 7 de *Síolta* (LFOLÓ 2009), *SárShaothar sa Naíonra* (Devlin agus Frost 2007) agus *Lámhleabhar do Stiúrthóirí Nua Fhorbairt Naíonraí Teoranta* (Rawdon 2015)

Sa tslí seo, tosaíonn an fhoireann ag obair trí na dúshláin agus trí na treoracha atá in *Aistear* agus sna Caighdeáin thuasluaite de chuid *Síolta*. Uaireanta breathnóidh siad ar na scéalta agus Caighdeán amháin de chuid *Síolta* á scrúdú acu – uaireanta eile beidh meascán i gceist. Uaireanta freisin, beidh a thuilleadh eolais ag teastáil uathu agus lorgóidh siad cabhair ó eagrais éigin nó rachaidh siad ar chúrsa oiliúna. Is é ról an bhainisteora é seo a éascú, tríd an bhfoireann a chur ar an eolas faoi dheiseanna oiliúna, trí chóipeanna d'*Aistear*, *Síolta* agus *SárShaothar* a bheith ar fáil d'fhoireann an naíonra agus trí chead a thabhairt breis eolais a lorg ó eagrais agus ó fhoinsí eile. Tiocfaidh a thuilleadh fuinnimh agus dul chun cinn lena leithéid de thacaíocht.

Ullmhaítear plean gníomhaíochta leis an mbainisteoir agus roinntear na dualgais idir na baill foirne. Coinnítear taifead ar na hathruithe a dhéantar ionas go mbeidh fianaise ann agus go mbeifear in ann a gcuid oibre a cheiliúradh. Is mar sin a thosóidh an ciorcal feabhsaithe. Seo an chaoi a ndéanfaimid cinnte de go mbímid i gcónaí meabhraitheach, ag dul i bhfeabhas agus ag baint taitnimh agus tairbhe as an obair.

Giorraíonn scéalta agus spraoi an bóthar.

## Foinsí, Áiseanna agus Breis Léitheoireachta

An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luathbhlianta (LFOLO) (2010) *Síolta Research Digests*. [Ar Líne] Le fáil ag: <http://www.siolta.ie/resources.php> (Aimsithe ar 04.01.15)

An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luathbhlianta (2006). *Síolta: An Chreatlach Náisiúnta d'Oideachas na Luathbhlianta*. [Ar Líne] Le fáil ag: [http://www.siolta.ie/siolta\\_services\\_gl.php](http://www.siolta.ie/siolta_services_gl.php) (Aimsithe ar 04.01.15)

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2014) *Treoirínte le hAghaidh an Dea-Chleachtais*. [Ar Líne] Le fáil ag: [http://www.ncca.biz/Aistear/pdfs/Guidelines\\_IRISH/Guidelines\\_IRISH.pdf](http://www.ncca.biz/Aistear/pdfs/Guidelines_IRISH/Guidelines_IRISH.pdf) (Aimsithe ar 04.01.15)

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2014) *Uirlisí Úsáide Aistear*. [Ar Líne] Le fáil ag: [http://www.ncca.ie/ga/Curaclam-agus-Meas-nacht/Oideachas\\_Luath-%C3%93ige\\_agus\\_Bunscoile/Oideachas\\_Luath-%C3%93ige/Uirlisi\\_Usaide](http://www.ncca.ie/ga/Curaclam-agus-Meas-nacht/Oideachas_Luath-%C3%93ige_agus_Bunscoile/Oideachas_Luath-%C3%93ige/Uirlisi_Usaide) (Aimsithe ar 04.01.15)

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2009) *Aistear: Creatchuraclam na Luathbhlianta: Prionsabail & Téamaí*. [Ar Líne] Le fáil ag: [http://www.ncca.biz/Aistear/pdfs/PrinciplesThemes\\_IRISH/PrinciplesThemes\\_IRISH.pdf](http://www.ncca.biz/Aistear/pdfs/PrinciplesThemes_IRISH/PrinciplesThemes_IRISH.pdf) (Aimsithe ar 04.01.15)

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (2014) *Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) (Uimh. 2) 2006*. [Ar Líne] Le fáil ag: [http://www.dcy.gov.ie/documents/publications/CC\\_Regs\\_2006\\_GA.pdf](http://www.dcy.gov.ie/documents/publications/CC_Regs_2006_GA.pdf) (Aimsithe ar 04.01.15)

Devlin, Sadhbh agus Frost, Clíona (2007) *SárShaothar sa Naíonra*. Forbairt Naíonraí Teoranta. Baile Átha Cliath, Éire.

Early Childhood Ireland (2014) *Learning Story Awards* [Ar Líne] Le fáil ag: <http://www.earlychildhoodireland.ie/quality-in-practice/learning-stories-awards> (Aimsithe ar 04.01.15)

Rawdon, Laura (2015) *Lámhleabhar do Stiúrthóirí Naíonra; An Tríú Chló*. Forbairt Naíonraí Teoranta. Baile Átha Cliath, Éire.

Rawdon, Laura (2014). *Súil Súil Eile...Cluas, Cluas eile: An Bhreathnóireacht ar Shealbhú na Gaeilge i gComhthéacs Fhorbairt Iomlán an Linbh*. Forbairt Naíonraí Teoranta. Baile Átha Cliath, Éire.



# Bainistíocht na Pleanála Teanga sa Naíonra

Le Mait Ó Brádaigh, MA



*Sa tslí chéanna a ndéantar trealamh, cúrsaí sláinte agus sábháilteachta, cúrsaí foirne agus gníomhaíochtaí a phleanáil, is amhlaidh an scéal i gcás na teanga.*



## Síolta

Tagraíonn Caighdeán 1, 2, 3, 5, 8, 14: Cearta an Pháiste, Timpeallachtaí, Tuismitheoirí agus Teaghlaigh, Idirghníomhartha, Pleanáil agus Meastóireacht, Féiniúlacht agus Muintearas do cheisteanna a bhaineann leis an bpleanáil teanga a bhainistiú sa naíonra.

## Aistear

Tagraíonn Féiniúlacht agus Muintearas agus Cumarsáid sa lámhleabhar Prionsabail agus Téamaí do choincheapanna atá bainteach leis an bpleanáil teanga sa naíonra.

## Sár Shaothar

Tagraíonn Cuid 2: Úsáid na Gaeilge do cheisteanna pleanála teanga sa naíonra.

## Céard í an Phleanáil Teanga?

Freastal ar riachtanais teanga na leanaí is ea céad tosaíocht an naíonra. I gcomhthéacs an naíonra, is ionann an Phleanáil Teanga agus an bealach a thugann an bainisteoir (agus foireann an naíonra) faoin nGaeilge sa naíonra a spreagadh agus a bhainistiú mar theanga. Sa tslí chéanna a ndéantar trealamh, cúrsaí sláinte agus sábháilteachta, cúrsaí foirne agus gníomhaíochtaí a phleanáil, is amhlaidh an scéal i gcás na teanga.

Baineann sé le gnásanna laethúla agus mothúchánacha spontáineacha mar aon le teanga na ngníomhaíochtaí féin. Tá scéalta, amhráin, rainn, séasúir agus féilte i gceist chomh maith le nathanna cainte, fuaimeanna, briathra, ainmfhocail, ceisteanna agus freagraí. Tá ról na dtuismitheoirí agus cúlra teanga na leanaí tábhachtach, mar shampla,

1. an bhfuil Gaeilge amháin sa bhaile?
2. an bhfuil neart Gaeilge sa bhaile?
3. an féidir tacaíocht teanga a fháil sa bhaile?

Tá sé tábhachtach comhthéacs sóisialta na Gaeilge in Éirinn a thabhairt san áireamh, go háirithe leibhéal chumais agus nósanna úsáide daoine fásta sa naíonra, idir thuismitheoirí, fhoireann agus chuiditheoirí. Is é cur chuige an luath-thumtha iomláin (féach thíos) a bhíonn in úsáid sa naíonra agus tá gá leis an teanga a bhainistiú chun an chur chuige sin a fhíorú.

Tosaítear an phleanáil le scríobh na spriocanna teanga don bhliain, ansin don téarma agus don ghearrthréimhse, don choicís nó don tseachtain (breis faoi seo sa chaibidil *Pleanáil Curaclam agus Teanga sa Naíonra*). Déantar breathnóireacht leanúnach, déantar meastóireacht agus de réir mar a théitear ar aghaidh athraítear an plean teanga mar is cuí.


## Sealbhú na Chéad Teanga

Is minic a dhéanann tuismitheoirí teagmháil leis an naíonra bliain nó dhó sula dtosóidh an leanbh ar an naíonra. Is deis thábhachtach é seo don bhainisteoir a chur ina luí ar na tuismitheoirí gur pleanálaithe teanga iad féin. Cuirtear tús leis seo lena gcaint agus leis an méid a chloiseann an leanbh. Téann an tuismitheoir i mbun na haisteoireachta ag úsáid tuiníocht ghutha, comharthaí aghaidhe agus geáitsíochta chun cumarsáid a dhéanamh leis an leanbh. Cloiseann an leanbh na focail chéanna arís agus arís eile. Tuiscint a thagann chuig an leanbh ar dtús. Triaileann an leanbh labhairt; fuaimeanna ar dtús agus ansin focail aonair. An t-ábhar a bhíonn acu ná rudaí a bhaineann lena saol. Cuirtear focail le chéile ó 18 mí ar aghaidh agus ansin timpeall 3 bliana d'aois, tagann an chaint chasta.

Dá mhéad tuismitheoir a thapaíonn an deis an Ghaeilge a úsáid mar mháthairteanga an linbh is mó seans go sealbhóidh an leanbh an teanga ní hamháin mar theanga naíonra/scoile ach mar theanga nádúrtha/shóisialta/bhaile an linbh. Cuirtear *ionchur* ar an méid, an éagsúlacht agus an cháilíocht den teanga a chloiseann an leanbh. Dá mhéad *an t-ionchur* ar an iomlán – sa teaghlach féin agus lasmuigh de- is ea is mó den teanga a shealbhófar.

Is é an dátheangachas *suimíoch* ár n-aidhm sa naíonra, is é sin, go sealbhaíonn an leanbh an dara teanga (T2 – an Ghaeilge i bhformhór na gcásanna) agus ardchumas a bhaint amach aige sa chéad teanga (T1 – an Béarla, an Ghaeilge nó eile) chomh maith.

Nuair atá dátheangach óg ag caint, is minic a úsáideann siad *meascadh (cóid)*, nó an chéad agus an dara teanga measctha in aon abairt acu. De réir a chéile a shealbhaítear na rialacha teanga freisin. Measann cuid mhór daoine go bhfuil buntáistí go leor ag baint leis an dátheangachas. (Baker 2011: 156)



**Fíor 3: An próiseas sealbhaithe teanga sa naíonra**

Má thosaíonn leanbh ag sealbhú na dara teanga thart ar aois a trí bliana tugtar luath-shealbhú na dara teanga air sin. Freisin, is go neamh-chomhfhiosach a tharlaíonn an ‘sealbhú’ (agus sin a deirtear le leanbh chomh hóg sin seachas ‘foghlaim’, rud atá comhfhiosach). Meastar go bhfuil cosúlachtaí idir sealbhú na chéad agus na dara teanga, go háirithe agus na leanaí chomh hóg sin.

## An Luath-Thumadh Iomlán

I gcás an naíonra is ionann an luath-thumadh iomlán agus an leanbh ag foghlaim trí mheán na dara teanga. Go praiticiúil, labhraíonn an stiúrthóir i nGaeilge cé gur i mBéarla, b’fhéidir, a labhraíonn an leanbh. Bíonn an stiúrthóir cosúil le tuismitheoir linbh an-óg. Tá an comhthéacs lárnach agus an-tábhachtach, agus, dá bhrí sin, úsáidtear tuin ghutha, geáitsíocht, aisteoireacht, comharthaí aghaidhe, gnásanna, fearas agus gníomhaíochtaí teangabhunaithe. Bíonn an bhéim ar athrá<sup>1</sup>, gan aon aistriúchán, ar scéalta, ar rainn, ar amhráin, ar cheisteanna den uile chineál ón stiúrthóir, ar sholáthar freagraí agus abairtí eile de réir mar is gá. Bíonn aisteoireacht ar siúl ag cách, idir óg agus aosta, agus drámaí den uile chineál, go háirithe cinn bheaga, ghairide agus spontáineacha. Dar ndóigh, dá mhéad aird na leanaí is ea is mó an deis an teanga chuí a thabhairt dóibh. Mar a shealbhóidh an leanbh an chéad teanga tabharfaidh an luath-thumadh iomlán an deis dó nó di an dara teanga a shealbhú go nádúrtha mar mheán cumarsáide.

Tá sé tábhachtach mar bhainisteoir go mbíonn na baill fhoirne eolach ar chur chuige an luath-thumtha iomláin agus cumasach ó thaobh na Gaeilge agus na n-idirghníomhaíochtaí de chun an luath-thumadh iomlán a chur i bhfeidhm ar ardchaighdeán sa naíonra. Is fiú go mór don bhainisteoir ullmhaithe *Súil, Súil Eile Eile* (Rawdon 2014), *Céimeanna Beaga* (Uí Ghrádaigh 2006) agus *An Lámhleabhar do Stiúrthóirí Naíonra* (Rawdon 2015) a léamh (agus a úsáid) má bhíonn breis eolais uaidh/uaithi faoin luath-thumadh iomlán i gcomhthéacs an naíonra.

<sup>1</sup>Is fiú bheith soiléir anseo gurb ionann an t-athrá seo agus an stiúrthóir an frása a athrá ina iomláine seachas iarradh ar an leanbh an focal/frása a rá “arís”.

## Foinsí, Áiseanna agus Breis Léitheoireachta

An Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta (2014) *Foilseacháin* [Ar Líne] Le fáil ag: <http://www.ahg.gov.ie/ie/Straiteis20BliaindonGhaeilge2010-2030/Foilseachain> (Aimsithe 14.01.15)

Baker, C. (2011) *Foundations of Bilingual Education and Bilingualism*, 5th Edition. Multilingual Matters, Bristol, An Bhreatain Bheag.

Ó Cathain, Brian (2012) *An tSochtheangeolaíocht: Feidhm agus Tuairisc. Eagarthóirí: Tadhg Ó hIfearnáin agus Máire Ní Neachtain*. Cois Life Teoranta, Baile Átha Cliath, Éire.

Fishman, J. (2001) *Can Threatened Languages be Saved?: Reversing Language Shift, Revisited: a 21st Century Perspective*. Multilingual Matters. Clevedon, Sasana.

Grenoble, L.A. & Whaley, L.J. (2006) *Saving Languages: An Introduction to Language Revitalization*. Cambridge University Press. Cambridge, Sasana.

Ó hIfearnáin, T. (2012) *An Phleanáil Teanga agus an Beartas Teanga: Coincheapa agus Feidhm. I: Ó hIfearnáin, T. agus Ní Neachtain, M. (eag.) An tSochtheangeolaíocht: Feidhm agus Tuairisc*. Cois Life. Baile Átha Cliath, Éire.

Kaplan, R., Baldauf, R. (1997) *Language Planning: from practice to theory*. Multilingual Matters Ltd. Clevedon, Sasana.

Mac Gréil, M., Rhatigan, F. (2009) *The Irish Language and the Irish People*. Coláiste Phádraig, Maigh Nuad. Maigh Nuad, Éire.

Multilingual Matters (2014) *What are the advantages of my child being bilingual?* [Ar Líne] Le fáil ag: [https://www.youtube.com/watch?v=4Dwcaol\\_7SE#t=54](https://www.youtube.com/watch?v=4Dwcaol_7SE#t=54) (Aimsithe ar 14.01.15)

Ní Dhúda, Laoise (2014) *Roghanna: Lámhleabhar Eolais faoin bPleanáil Teanga*. Glór na nGael Teo. Ráth Chairn, Éire.

Rawdon, L. (2015) *Lámhleabhar do Stiúrtóirí Naíonra; An Tríú Chló*. Forbairt Naíonraí Teoranta. Baile Átha Cliath, Éire.


Rawdon, L. (2014) *Súil, Súil Eile...An Bhreathnóireacht ar Shealbhú na Gaeilge i gComhthéacs Fhorbairt Iomlán an Linbh*. Forbairt Naíonraí Teoranta. Baile Átha Cliath, Éire.

Uí Ghrádaigh, D. (2006) *Céimeanna Beaga: Cúrsa BunGhaeilge Fheidhmiúil do Stiúrtóirí Naíonra*. Forbairt Naíonraí Teoranta. Baile Átha Cliath, Éire.



# Pleanáil Curaclam agus Teanga sa Naíonra

Leis an Dr. Máire Mhic Mhathúna agus Jacqui de Siún



(Tá) gá le curaclam chun forbairt agus foghlaim iomlánaíoch an leanbh a spreagadh le go mbeidh an leanbh ag fás isteach ina f(h)oghlaimeoir inniúil, féinmhuiníneach.



## Síolta

Tagraíonn Caighdeán 1, 2, 3, 5, 7, 8, 14: Cearta an Pháiste, Timpeallachtaí, Tuismitheoirí agus Teaghlaigh, Idirghníomhartha, Pleanáil agus Meastóireacht, Curaclam, Féiniúlacht agus Muintearas do cheisteanna pleanála curaclam agus teanga sa naíonra.

## Aistear

Tagraíonn Folláine agus Leas, Féiniúlacht agus Muintearas, Cumarsáid agus Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht sa lámhleabhar Prionsabail agus Téamaí do choincheapanna atá bainteach leis an bpleanáil curaclam agus teanga sa naíonra.

## Sár Shaothar

Tagraíonn Cuid 2 agus 5: Úsáid na Gaeilge agus Clár Oibre do cheisteanna pleanála curaclam agus teanga sa naíonra go háirithe.

## Réamhrá

Is gá don bhainisteoir teacht ar chur chuige oiriúnach agus tabhairt faoi go tuisceanach eolasach chun bunaidhmeanna an naíonra a bhaint amach, is iad sin forbairt iomlán an linbh agus sealbhú na Gaeilge. Is dlúthchuid den chur chuige sin an phleanáil teanga mar a pléadh sa chaibidil roimhe. Éireoidh níos fearr le sealbhú na Gaeilge má bhíonn sé pleanáilte roimh ré, ar bhonn atá céimithe ach atá scaoilte ag an am céanna. Beidh an stiúrthóir in ann an phleanáil a bhunú ar an aithne atá aige/aici ar na leanaí, ar spéiseanna na leanaí, ar a c(h)uid eolas ar na réimsí gníomhaíochtaí atá oiriúnach do leanaí óga agus ar a gcuid tuisceana ar phróiseas sealbhaithe teanga. Tá moltaí faoi bhreathnóireacht san fhoilseachán *Súil, Súil Eile* (Rawdon 2014) chun taifead a dhéanamh ar na leanaí agus iad ag sealbhú na Gaeilge ach sula rachaimid níos faide is fiú sainmhíniú a thabhairt ar cad is curaclam ann.

## Curaclam a Shainmhíniú

Dar le Roinn Oideachais na Nua Shéailainne is ionann curaclam agus,

“Suimiú iomlán na taithí, na ngníomhaíochtaí agus na n-imeachtaí, bídís díreach nó indíreach, a tharlaíonn laistigh de thimpeallacht atá deartha chun fhorbairt agus foghlaim na leanaí a chothú.” (1996: 10)

Léirítear in *Aistear* agus in *Síolta* Caighdeán 7: Curaclam go bhfuil gá le curaclam chun forbairt agus foghlaim iomlánaíoch an leanbh a spreagadh le go mbeidh an leanbh ag fás isteach ina f(h)oghlaimeoir inniúil, féinmhuiníneach. (LFOLÓ 2006: 57 agus CNCM 2009a: 6)

Liostálann an taighdeoir Noirín Hayes (2013) trí chur chuige dhifriúla is féidir a úsáid le curaclam luathbhlianta a sholáthar:

1. Sa chéad chur chuige, leagtar síos clár acadúil ina bhfuil béim ar leith ar chlár an churaclaime agus ar na torthaí a bhfuil an cleachtóir ag súil leo.
2. Sa dara cur chuige, leagtar síos clár atá bunaithe ar ghníomhaíochtaí nó ar mhodh an tsúgartha dírithe ar an bhfoghlaim a tharlaíonn mar thoradh ar na gníomhaíochtaí.
3. Sa tríú chás, leagtar síos curaclaime atá bunaithe ar phrionsabail in ionad a bheith dírithe ar spriocanna nó ar chuspóirí gearrthéarmacha.

## Creatlaí reachtúla

### (CNACL<sup>2</sup> Airteagal 12, Rialachán 5, *Síolta* agus *Aistear*)

I measc na bhfreagrachtaí a luíonn leis an mbainisteoir tá taifead á dhéanamh ar churaclam an naíonra, ar an bplean bliana agus ar an tslí a gcuirtear i bhfeidhm é chun freastal a dhéanamh ar spéiseanna agus ar riachtanais na leanaí mar aon lena chinntiú go bhfuil an cleachtas sa naíonra ag cloí leis an reachtaíocht chuí.

<sup>2</sup> CNACL = Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Cheata an Linbh

## Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (Airteagal 12) (1992)

Léiríonn ceann de na ceithre phrionsabal ghinearálta nach mór cuimhneamh ar dhearcadh an pháiste agus é a chur san áireamh i ngach rud a bhaineann leis nó léi. (An Chomhghuaillíocht um Chearta Leanaí 2010: 2)

## Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile), (2006)

Déanann *Rialachán 5* cur síos ar an tábhacht a bhaineann leis an gcuraclam mar aon le machnamh a dhéanamh ar do chleachtas sa tslí go bhfuil béim air mar phróiseas. Tá ceangal docht, láidir idir *Aistear*, *Siolta* agus *Rialachán 5* leis an gcur chuige leanbh-lárnach ina bhfaigheann sé/sí tacaíocht mórthimpeall air/uirthi trí na caidrimh ó na daoine fásta (sa naíonra / sa bhaile / sa phobal).



**Fíor 1.** Regulation 5: Assessing early childhood services. Early Childhood Ireland (2011: 5)

## Síolta

Tugann *Síolta* dúshlán do Stiúrthóirí machnamh a dhéanamh ar chaighdeán na n-eispéireas a chuireann siad ar fáil sa naíonra.

“Is é an cuspóir atá ann ná go saibhreoidh an plé, an machnamh agus an díospóireacht na Prionsabail, na Caighdeáin, na Comhpháirteanna agus na Deiseanna Machnaimh, ní hamháin i saol na leanaí, ach i gcleachtas proifisiúnta na ndaoine fásta freisin.” (LFOLÓ 2006: 4)

Tagann an fhoireann le chéile trí chomhoibriú, trí chumarsáid agus trí mheas cómhalmartach mar thoradh ar an machnamh seo.

## Aistear

Tá *Aistear* bunaithe ar 12 phrionsabail na luathfhoghlama agus na luathfhorbartha, a bhfuil an leanbh lárnach iontu ar gach slí. Cruthaíonn na prionsabail seo dúshraith dhaingean chun tacaíocht a thabhairt do na Stiúrthóirí na ceithre théama *d’Aistear* a chur i bhfeidhm. Tá béim ollmhór ar straitéisí idirghníomhaíochta in *Aistear*, agus ar an gcothromaíocht idir na leanaí agus an duine fásta i dtaobh stiúradh na ngníomhaíochtaí de. Cabhraíonn na téamaí, na haidhmeanna, na spriocanna foghlama agus na deiseanna foghlama samplacha chun struchtúr a chur leis an gcuraclam do na leanaí atá ag freastal ar an naíonra, chomh maith leis na stiúrthóirí atá i mbun an curaclam a chothú.

Beidh an phleanáil teanga fite fuaite leis an bpleanáil curaclaim, mar baineann an Ghaeilge, an teanga a labhraítear sa naíonra, leis an réimse iomlán deiseanna foghlama a chuirtear ar fáil do na leanaí.

Cinnteadh an bainisteoir go gcuimseoidh curaclaim an naíonra na ceithre mhóorthéama atá leagtha síos i gcreatchuracclam *Aistear* (CNCM 2009):

1. Folláine agus Leas
2. Féiniúlacht agus Muintearas
3. Cumarsáid
4. Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht

**Folláine agus Leas:** Is éard atá i gceist le folláine ná a bheith sona, sláintiúil agus oiriúnaithe go maith don timpeallacht. (CNCM 2009) Baineann sé le gnéithe éagsúla den fhorbairt, forbairt fhisiceach, forbairt chognaíoch agus na mothúcháin go háirithe. Déanfar féinmheas na leanaí a fhorbairt tríd an dul chun cinn a dhéanfaidís maidir le sealbhú na Gaeilge.

**Féiniúlacht agus Muintearas:** Is éard atá i gceist le féiniúlacht agus muintearas ná tuiscint ag an leanbh air/uirthi féin mar dhuine fiúntach agus go mbraithfidh sé/sí comhcheangal idir iad féin agus grúpaí ar leith maidir le cultúr, eitneachas, cine, teanga, inscne agus aicme sóisialta de. (CNCM 2009) Tiocfaidh forbairt ar na gnéithe seo tríd an gcuidreamh a bheidh ag na leanaí le daoine fásta éagsúla, tríd an gcuidreamh a bheidh acu le leanaí agus tríd an ngrá, cion agus meas a

thaispeánfar dóibh. Baineann an Ghaeilge go dlúth le forbairt na féiniúlachta agus an mhuintearais sna leanaí mar Ghaeil agus cinntíonn an bainisteoir go gcuireann an naíonra deiseanna ar fáil dóibh an Ghaeilge a shealbhú nó a shaibhriú agus cultúr na tíre a bhlaiseadh trí na luachanna agus tuiscintí cultúrtha atá sa naíonra agus tríd an gceol, tríd an amhránaíocht agus tríd an scéalaíocht a chuirtear ar fáil dóibh.

**Cumarsáid:** Ciallaíonn sé seo malartú smaoineamh, eolais nó mothúcháin. (CNCM 2009) Tá an-chuid bealaí ann chun cumarsáid a dhéanamh, idir bhealaí neamhbhriathartha, bhealaí briathartha, bhealaí siombalacha agus bhealaí eile. Beidh béim faoi leith ar chuid acu seo ag tréimhsí éagsúla d'fhorbairt an linbh agus ag tréimhsí éagsúla d'fhorbairt teanga. Tá tábhacht thar na bearta ag baint le forbairt teanga don leanbh, forbairt na chéad teanga agus forbairt an dara teanga araon. Cuireann an leanbh é/í féin in iúl go príomha trí theanga, déantar cumarsáid tríthi le daoine eile agus is gléas foghlama den scoth í an teanga chomh maith.

Tá an cumas sa teanga labhartha ar cheann de bhunchlocha fhorbairt na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta, rudaí a thiocfaidh ar ball. Beidh an Ghaeilge mar chéad teanga ag roinnt leanaí sa Ghaeltacht agus ag teaghlaih eile ar fud na tíre. Beidh sí á forbairt mar chéad teanga ag cuid de na leanaí sa naíonra agus á sealbhú mar dhara teanga ag leanaí eile. Beidh teangacha eile ar eolas ag roinnt leanaí eile, teangacha ón iasacht agus teanga na mbodhar ina measc. Moltar tacaíocht a thabhairt do theanga bhaile an linbh trí mheas a léiriú di, ach ag an am céanna, cloí le cur i bhfeidhm an chórais luath-thumtha iomláin.

**Taiscéalaíocht agus Smointeoireacht:** Tá smaoineamh cognaíoch, cumarsáid, scileanna céadfacha-luaileacha agus forbairt fhisiceach i gceist sa téama seo (CNCM 2009). Bíonn an cumas machnaimh agus an tsamhlaíocht in úsáid ag leanaí agus iad ag dul i ngleic leis an saol. Cabhraíonn fiosracht an linbh leis an bhfiontraíocht agus leis an gcruthaíocht. Tagann forbairt ar a gcumas, ar a dtuiscint ar shiombail, ar nós comharthaí, litreacha agus uimhreacha. Bíonn na leanaí ag forbairt na scileanna seo trí imirt, trí theanga agus trí ealaín. Cabhraíonn sealbhú an dara teanga go mór le tuiscint na leanaí ar chumarsáid agus ar theanga ann féin a fhorbairt.

**Impleachtaí don Phleanáil Teanga:** Caithfidh an bainisteoir a chinntiú go mbeidh raon leathan eispéireas agus gníomhaíochtaí ar fáil go rialta, a fhreagraíonn do na ceithre mhór-réimse in *Aistear*, .i. folláine agus leas, féiniúlacht agus muintearas, cumarsáid agus taiscéalaíocht agus smointeoireacht. Cinntoidh sé seo go mbeidh forbairt iomlán an linbh á cur chun cinn agus go mbeidh deis aige/aici an teanga a ghabhann leis na gníomhaíochtaí agus leis an gcumarsáid rialta a chloisteáil, a thuiscint agus a shealbhú.

**Teanga na Bainistíochta:** Beidh an-tábhacht ag baint leis an teanga bhainistíochta a úsáideann an stiúrthóir chun na leanaí a stiúradh mar beidh rialtacht ard ag baint léi. Beidh an bhrí soiléir ón gcomhthéacs. Ní bheidh gá le haistriúchán agus beidh athrá i gceist go minic. Tabharfaidh sé seo deis do na leanaí caint an stiúrthóra a thuiscint agus a shealbhú. Moltar go láidir gnás nó ord faoi leith a bheith ann do na himeachtaí laethúla, amhail teacht isteach ar maidin (beannachtaí), glanadh suas (amhrán), am lóin (bia agus deoch), dul go dtí an leithreas (iarratas) agus dul abhaile (beannachtaí). Breis faoi seo sa *Lámhleabhar do Stiúrthóirí Nua*. (Rawdon 2015)



## Plean Bliana

Tugtar cur síos ar na bealaí a bhainfear amach na príomhaidhmeanna foghlama do na leanaí. Déantar cur síos ar chur chuige an naíonra maidir le:

1. oideachas agus teanga
2. an curaclam mar a léirítear é in *Aistear*
3. an chaoi a n-eagraítear an timpeallacht/suíomh
4. na straitéisí teagaisc agus foghlama, measúnú, pleanáil, agus
5. an caidreamh le tuismitheoirí mar a léirítear iad i *Síolta*.

Beidh an luath-thumadh iomlán sa Ghaeilge mar dhlúthchuid den phlean seo. Tá cur síos níos doimhne sa *Lámhleabhar do Stiúrthóirí Naíonra* (Rawdon 2015) ar aidhmeanna an naíonra agus ar an gcur chuige a mholtar sa luath-thumadh iomlán.

Tugtar suimiú orthu anseo mar spreagadh chun an plean bliana a leagan amach faoi cheannteidil áirithe:

1. Príomhaidhmeanna an Naíonra
2. An Cur Chuige Oideachasúil
3. An Luath-Thumadh Iomlán
4. An Curaclam
5. Eagrú na Timpeallachta
6. Measúnú
7. Pleanáil
8. Caidreamh le Tuismitheoirí/Caomhnóirí

**Príomhaidhmeanna an Naíonra:** Forbairt iomlán an linbh trí mhodh an tsúgartha agus deis agus tacaíocht a thabhairt don leanbh óg an Ghaeilge a shealbhú nó a shaibhriú go nádúrtha. (Ó Buachalla 2005). Feictear ar an leanbh mar dhuine óg cumasach a bhaineann lena t(h)eaghlach agus lena p(h)obal.

**An Cur Chuige Oideachasúil:** Is é modh an tsúgartha an modh a úsáidtear sa naíonra. Próiseas atá sa súgradh, bealach ag leanaí le foghlaim a dhéanamh trí rudaí a thabhairt faoi deara, trína a bheith ag súgradh le leanaí eile agus trí imirt le hábhair éagsúla (CNCM 2009e: 55-62). Trí dheachleachtais bainistíochta cinntítear go mbíonn deiseanna súgartha curtha ar fáil le dóthain ama agus spáis leagtha amach sa chlár ama agus trí thacaíocht chuí a chur ar fáil. Beidh roinnt mhaith de shúgradh an linbh féin trí mháthairtheanga an linbh ach tabharfaidh an stiúrthóir faoi deara na hábhair atá spéisiúil do na leanaí agus tabharfaidh sé/sí an foclóir cuí dóibh ag am agus ar bhealach oiriúnach. De réir a chéile beidh níos mó focal agus frásaí Gaeilge in úsáid ag na leanaí.



### Ábhar machnaimh

Conas a chinnteofá, mar bhainisteoir, go bhféadfadh leanbh nó leanaí a bhfuil riachtanais bhreise foghlama aige/aici/acu forbairt a dhéanamh sa naíonra?

**An Luath-Thumadh Iomlán:** Is iondúil go mbíonn an leanbh ag foghlaim trí mheán an dara teanga. Tuigtear an méid a deir sé/sí ina c(h)éad teanga ach tugtar freagra air/uirthi sa dara teanga agus tugtar na focail atá uaidh/uaithi di/dó go nádúrtha. Bíonn plean teanga ag an naíonra chun dul chun cinn a chinntiú (Rawdon 2014: 12-19 agus 2015). Bíonn béim faoi leith ar ghníomhaíochtaí teanga lárnaithe agus ar rannta agus amhráin. Bíonn rialtacht ard ag baint le caint an stiúrtóra agus le roinnt de na gnásanna agus de na gníomhaíochtaí (Hickey 2005).

**An Curaclam:** Tugtar cur síos ar conas a bhainfear amach príomhaidhmeanna *Aistear* agus *Siolta* i gcuraclam an naíonra. Cén saghas idirghníomhartha a úsáidfear mar mheán chun forbairt na leanaí a chur chun cinn? (LFOLÓ 2006: 41-50) Cad iad na straitéisí a bheidh in úsáid chun caidreamh a thógáil, a éascú, a eagrú agus a stiúradh? (CNCM 2009d agus LFOLÓ 2006: 31-36) Conas a bheidh ról lárnach ag na leanaí sa ghné thábhacht seo den obair? (CNCM 2009e: 27-33)

**Eagrú na Timpeallachta:** Déantar cur síos ar leagan amach an tseomra, ar na háiseanna lasmuigh agus ar an úsáid a bhaintear astu. (LFOLÓ 2006: 19-29)

**Measúnú:** Tugtar cur síos ar chóras breathnóireachta an naíonra agus ar na bealaí eile a bhailítear eolas ar dhul chun cinn na leanaí, mar shampla, líníocht, pictiúir, grianghraif, físeáin, taifead fuaimne, nótaí gearra. (CNCM 2009e agus Rawdon 2014: 92)



### Ábhar machnaimh

Cén ról a bheidh ag na leanaí san obair mheasúnaithe seo?

**Pleanáil:** Moltar go mbeadh réimse pleanála ar siúl sa naíonra, ina measc: plean bliana, plean téarma agus plean gearrthréimhseach.

**Caidreamh le Tuismitheoirí/Caomhnóirí:** Cén caidreamh a bheidh ann le tuismitheoirí, mar shampla, cruinniú ag tús na bliana, teagmháil laethúil, cuairt ar an naíonra, eolas a roinnt, labhairt mar gheall ar ábhair spéise agus dul chun cinn na leanaí. (CNCM 2009d agus LFOLÓ: 31-36)

## Plean Téarma

Is uirlis an-úsáideach é an plean téarma don bhainisteoir, déantar cur síos ann ar conas a chuirfear an plean bliana i bhfeidhm i ngach téarma. Bainfear úsáid as suíomh an naíonra chun éascú a dhéanamh ar shealbhú focal agus frásaí i gcomhthéacs obair an lae do na leanaí, mar shampla, troscán, trealamh agus gnásanna an naíonra. Beidh cur síos ann do thopaicí a d'fhéadfaí a cur i láthair, amhail mé féin, mo theaghlach, an dúlra, aistriú chun na bunscoile, ach tabharfar tús áite d'ábhair spéise na leanaí de réir mar a thiocfaidh siad chun cinn. Beidh an dul chun cinn a dhéanfar i dtaobh an Ghaeilge a shealbhú ó théarma go téarma ina chuid den phlean seo. Déanfar amach plean faoi leith i ndáil le gach téarma.

| Plean Téarma: Topaicí                                                                                                                                                                                                                                     | Téamaí agus Spriocanna Aistear                                             | Cad a dhéanfaimid?                                                                                                                                                                                                                                    | Áiseanna a bheidh ag Teastáil                                                                                                                                                                                      |
|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|----------------------------------------------------------------------------|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <ul style="list-style-type: none"> <li>Mé féin, mo theaghlach, féilte, imeachtaí áitiúla, Lá na Naíonraí, an dúlra</li> <li>Suíomh agus gnásanna an naíonra</li> <li>Spéiseanna na leanaí (Le líonadh de réir mar a thiocfaidh siad chun cinn)</li> </ul> | <ul style="list-style-type: none"> <li>Ceann amháin ar a laghad</li> </ul> | <ul style="list-style-type: none"> <li>Gníomhaíochtaí, foclóir agus frásaí</li> <li>Gnásanna, gníomhaíochtaí, foclóir, frásaí; dul chun cinn ó théarma go téarma.</li> <li>Gníomhaíochtaí, foclóir agus frásaí atá ag teastáil ó na leanaí</li> </ul> | <ul style="list-style-type: none"> <li>Ábhair chuí, rainn agus amhráin, leabhair agus scéalta.</li> <li>Ábhair chuí, rainn agus amhráin, leabhair agus scéalta a bheidh ag dul lena gcuid ábhar spéise.</li> </ul> |

## Plean Gearrthréimhseach

Is tábhachtach duit bheith solúbtha mar bhainisteoir agus an tsolúbthacht céanna a chur ar fáil d'fhoireann an naíonra freisin. Léirítear an tábhacht leis seo i gcomhthéacs an phlean gearrthréimhsigh, mar shampla, beidh sé bunaithe ar ábhair spéise na leanaí chomh fada agus is féidir. B'fhéidir go dtosófaí le topaic a mholfaidh an stiúrthóir, ach tar éis dó/di bheith ag breathnú ar shúgradh na leanaí agus ag éisteacht leo, athróidh an stiúrthóir a p(h)lean féin chun ábhair spéise na leanaí a chur san áireamh. Mar sin, is féidir leis an bpointe tosaigh teacht ón stiúrthóir nó ó na leanaí. Mar shampla, má bhíonn scéal ag duine de na leanaí faoi leanbh nua sa bhaile, beidh an stiúrthóir in ann caint leis na leanaí faoin leanbh nua agus úsáid a bhaint as na hábóga sa naíonra chun obair a bhunú ar an topaic seo. Beidh sé/sí in ann leabhair a cheannach mura mbíonn cinn sa naíonra cheana féin agus rainn agus suantraí a chanadh, chomh maith le drámaí a bhunú ar an topaic.

| Plean gearrthréimhseach<br>Obair arna pleanáil ag stiúrthóirí                                                                                                                                                                                                                                  | Plean gearrthréimhseach<br>Obair arna pleanáil ag stiúrthóirí                                                                                                                                                                                 | Téamaí Aistear agus Caighdeáin Síolta                                                                                                                                                                                   | Taifead na Foghlama                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                  |
|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <ul style="list-style-type: none"> <li>Féilte, topaicí, ábhar spéise sa phobal</li> </ul> <p><b>Obair arna moladh ag na leanaí</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Ábhair spéise na leanaí mar a léirigh siad sa súgradh, sa chaint agus sna ceisteanna a d'ardaigh siad</li> </ul> | <ul style="list-style-type: none"> <li>Bréagáin, fíorábhair, rannta, scéalta, drámaí, caidrimh agus idirghníomhartha (le leanaí, le stiúrthóirí agus le tuismitheoirí), foclóir agus frásaí.</li> </ul> <p><b>Ábhar, áiseanna, teanga</b></p> | <ul style="list-style-type: none"> <li>Ceann amháin nó níos mó de na príomhthéamaí, aidhm agus sprioc.</li> <li>Caighdeán <i>Síolta</i> agus comhpháirt.</li> </ul> <p><b>Téamaí Aistear agus caighdeáin Síolta</b></p> | <ul style="list-style-type: none"> <li>Taifead ar an sult a bhain na leanaí as na heispéiris agus cad a d'fhoghlaim siad dá ndroim. Úsáid a bhaint as grianghraif, taifead foghlama (féach teimpléid thíos) ealaín, eolas ó thuismitheoirí agus léiriú ar thuiscint leanaí aonair ar an nGaeilge, agus ar na focail, frásaí agus rannta a d'úsáid siad.</li> </ul> <p><b>Taifead na Foghlama</b></p> |

Is gá taifead a dhéanamh ar gach leanbh go tráthrialta agus eolas cruinn a bhailiú faoi cad a d'fhoghlaim siad chun bheith eolasach ar fhoghlaim na leanaí. Nuair a bheidh an t-eolas seo bailithe, beidh an stiúrthóir in ann tuilleadh oibre a bhunú ar ábhair spéise na leanaí ar bhealach a bheidh oiriúnach dá stíl foghlama agus dá staid forbartha.

## Taifead na Foghlama: Teimpléid

|                                                                                                                                                                                                                                                                  |                                                                     |                                  |                                    |
|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|---------------------------------------------------------------------|----------------------------------|------------------------------------|
| <b>1. Féach cad a rinne mé!</b><br>Cur síos gearr agus grianghraf nó pictiúr                                                                                                                                                                                     | <b>Leanbh / Leanaí / Stiúrthóir</b><br><b>Grianghraf nó Pictiúr</b> | <b>Dáta:</b><br><b>Cur Síos:</b> |                                    |
| <b>2. Cad a léiríonn sé seo mar gheall orm?</b><br>Cuimhnigh ar mo chuid ábhar spéise, mo mhéin (disposition), mo chuid luachanna agus mo mheon; mo chuid scileanna, eolais agus tuisceana; nasc le téamaí <i>Aistear</i> , aidhmeanna agus spriocanna foghlama. |                                                                     |                                  |                                    |
| <b>3. Cad a dhéanfaimid anois chun cabhrú liom breis foghlama a dhéanamh?</b><br>Cuimhnigh ar bhealaí spreagúla, spéisiúla chun foghlaim.                                                                                                                        |                                                                     |                                  |                                    |
| <b>4. Ba mhaith liom a thaispeáint do mo theaghlach cad is féidir liom a dhéanamh.</b><br>Lig dom mo thaifead foghlama a thabhairt abhaile le gur féidir liom é a roinnt le mo theaghlach. Is breá leo breathnú air agus labhairt liom faoi mo chuid foghlama.   |                                                                     |                                  | Síniú an Tuismitheora / Caomhnóra: |

## Suimiú

Cabhróidh an phleanáil teanga agus curaclaim go mór leis an mbainisteoir a chinntiú go mbeidh taithí luathbhlianta den scoth á cur ar fáil do na leanaí sa naíonra. Is cuid lárnach é sealbhú na Gaeilge d'obair na naíonraí agus caithfear an sealbhú sin a thabhairt san áireamh sa phleanáil curaclaim. Moltar an obair a phleanáil de réir chreachuraclam *Aistear* agus plean bliana, plean téarma agus plean gearrthréimhseach a ullmhú. Ina dhiaidh sin, moltar an obair a bhunú ar ábhair spéise na leanaí chomh mór agus is féidir. Beidh gá le taifead a choimeád ar fhoghlaim na leanaí agus machnamh agus athbhreithniú a dhéanamh ar an taifead sin go tráthrialta.

## Foinsí, Áiseanna agus Breis Léitheoireachta

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2014) *Leidbhileoga: Leanaí Óga*. [Ar Líne] Le fáil ag: <http://www.ncca.ie/ga/Curaclam-agus-Meas-nacht/Tuismitheoiri/Luath-Oige/Leidbhileoga> (Aimsithe ar 04.01.15)

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2009a) *Ag pleanáil, ag doiciméadú agus ag meas: Uirlisí Úsáide Aistear*. [Ar Líne] Le fáil ag: [http://www.ncca.ie/ga/Curaclam-agus-Meas-nacht/Oideachas\\_Luath-%C3%93ige\\_agus\\_Bunscoile/Oideachas\\_Luath-%C3%93ige/Uirlisi\\_Usaide/Planning-and-documenting.html](http://www.ncca.ie/ga/Curaclam-agus-Meas-nacht/Oideachas_Luath-%C3%93ige_agus_Bunscoile/Oideachas_Luath-%C3%93ige/Uirlisi_Usaide/Planning-and-documenting.html) (Aimsithe ar 16.01.15)

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2009b) *Aistear: Creatchuraclam na Luathbhlianta*. [Ar Líne] Le fáil ag: <http://www.ncca.biz/Aistear> (Aimsithe ar 04.01.15)

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2009c) *Aistear: the Early Childhood Curriculum Framework and Síolta, The National Quality Framework for Early Childhood Education Audit: Similarities and differences*. [Ar Líne] Le fáil ag: [http://www.ncca.ie/en/Curriculum\\_and\\_Assessment/Early\\_Childhood\\_and\\_Primary\\_Education/Early\\_Childhood\\_Education/Aistear\\_Toolkit/Aistear\\_Siolta\\_Similarities\\_Differences.pdf](http://www.ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Early_Childhood_and_Primary_Education/Early_Childhood_Education/Aistear_Toolkit/Aistear_Siolta_Similarities_Differences.pdf) (Aimsithe ar 04.01.15)

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2009d) *Comhpháirtíochtaí a chruthú agus a chothú idir tuismitheoirí agus cleachtóirí*. [Ar Líne] Le fáil ag: [http://www.ncca.biz/Aistear/pdfs/Guidelines\\_IRISH/Practitioner\\_IRISH.pdf](http://www.ncca.biz/Aistear/pdfs/Guidelines_IRISH/Practitioner_IRISH.pdf) (Aimsithe ar 20.01.15)

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2009e) *Treoirlínte le haghaidh an dea-chleachtais*. [Ar Líne] Le fáil ag: [http://www.ncca.biz/Aistear/pdfs/Guidelines\\_IRISH/Practitioner\\_IRISH.pdf](http://www.ncca.biz/Aistear/pdfs/Guidelines_IRISH/Practitioner_IRISH.pdf) (Aimsithe ar 20.01.15)

An Chomhghuaillíocht um Chearta Leanaí (2010) *Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh*. [Ar Líne]. Le fáil ó: [http://www.childrensrights.ie/sites/default/files/submissions\\_reports/files/UNCRCIrish\\_O.pdf](http://www.childrensrights.ie/sites/default/files/submissions_reports/files/UNCRCIrish_O.pdf) (Aimsithe ar 13 Nollaig 2014)

An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luathbhlianta (2006). *Síolta: An Chreatlach Náisiúnta d'Oideachas na Luathbhlianta*. [Ar Líne] Le fáil ag: [http://www.siolta.ie/siolta\\_services\\_gl.php](http://www.siolta.ie/siolta_services_gl.php) (Aimsithe ar 04.01.15)

Andrews, A.M. (2006) *Two Windows on the World, Language Immersion Education: A Training Manual for Early Years*. Altram. Béal Feirste, Éire.

Barnardos & Border Counties Childhood Network (2013) *After School: Providing an Inspirational After School Programme of Activities for 4-12 Year Olds*. Barnardos. Baile Átha Cliath, Éire.

Devlin S. agus Frost C. (2007) *SárShaothar sa Naíonra*. Forbairt Naíonraí Teoranta. Baile Átha Cliath, Éire.

Early Childhood Ireland (2014a) *Documenting the Curriculum*. Early Childhood Ireland. Baile Átha Cliath, Éire.

Early Childhood Ireland (2014b) *Look Listen Learn*. Early Childhood Ireland. Baile Átha Cliath, Éire.

Early Childhood Ireland. (2013) *Documenting the Curriculum: Observing, Assessing and Planning with and for Children*. Early Childhood Ireland. Baile Átha Cliath, Éire.

Early Childhood Ireland (2011) *Regulation 5: Assessing early childhood services*. Early Childhood Ireland. Baile Átha Cliath, Éire.

Forbairt Naíonraí Teoranta (2014) *Súil, Súil Eile: Teimpléid bhreathnóireachta nuachruthaithe ag Forbairt Naíonraí Teoranta trí mheán na Gaeilge do Stiúrthóirí Naíonraí*. Forbairt Naíonraí Teoranta. Baile Átha Cliath, Éire.

Forbairt Naíonraí Teoranta (2006) *Cúnamh: Tacábhar Cúram Leanaí 0-6*. Forbairt Naíonraí Teoranta. Baile Átha Cliath, Éire.

Hayes, N. (2013) *Early Years Practice Getting It Right From The Start*. Gill & Macmillan. Baile Átha Cliath, Éire.

Hickey, T. (2005) *An Luath-Thumoideachas: Lámhleabhar do Stiúrthóirí Naíonraí*. Ich. 10-12. Forbairt Naíonraí Teo. Baile Átha Cliath, Éire.

Hickey, T. (1997) *Early Immersion Education in Ireland: Na Naíonraí*. Institiúid Teangeolaíochta Éireann. Baile Átha Cliath, Éire.

Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo. (2010) *Borradh: Scéim Pleanála Teanga don bhliain 2009-10: An Timpeallacht (scéim phíolótach)*. [Ar Líne] Le fáil ag: <http://www.comharnaionrai.ie/uploadedfiles/Borradh2.pdf> (Aimsithe ar 14.01.15)

Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath & Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo. (2009) *Borradh: Scéim Pleanála Teanga don bhliain 2008-09: Mé Féin (scéim phíolótach)*. [Ar Líne] Le fáil ag: <http://www.comharnaionrai.ie/uploadedfiles/Borradh1.pdf> (Aimsithe ar 14.01.15)

Limerick City Childcare Committee (2006) *School's Out, A Practice Manual for Providers*. Coiste Cúram Leanaí Chathair Luimnigh. Luimneach, Éire.

Ministry of Education (New Zealand) (1996) *Te Whariki: Early Childhood Curriculum*. Learning Media Ltd. Wellington, Nua Shéalainn.

Moloney, M., Higgins, A., & Ryan, S. (2007) *Voice and Choice*. Mary Immaculate College & Limerick City Childcare Committee. Luimneach, Éire.

Montrul, S. (2008). *Incomplete Acquisition in Bilingualism: Re-examining the Age Factor*. John Benjamins Publishing Company. Amsterdam, An Ísiltír / Philadelphia, S.A.M.

National Children's Nurseries Association (NCNA) (2011) *Guiding Childcare Practitioners through Observations, Planning and Reflection*. NCNA. Baile Átha Cliath, Éire.

Ó Buachalla, A. (2005) *Cad is naíonra ann? Lámhleabhar do Stiúrthóirí Naíonraí*. Ich. 7-9. Forbairt Naíonraí Teoranta. Baile Átha Cliath, Éire.

Rawdon, Laura (2014) *Súil, Súil Eile...Cluas, Cluas Eile: An Bhreathnóireachta ar Shealbhú na Gaeilge i gComhthéacs Fhorbairt Iomlán an Linbh*. Forbairt Naíonraí Teoranta. Baile Átha Cliath, Éire.

Rawdon, Laura (2015) *Lámhleabhar do Stiúrthóirí Naíonra; An Tríú Chló*. Forbairt Naíonraí Teoranta. Baile Átha Cliath, Éire.

Tusla (2014) *Early Years Inspection Services: Regulation 5 National Assessment Guide*. [Ar Líne] Le fáil ag: <http://www.tusla.ie/services/preschool-services/early-years-pre-school-inspection-services/regulation-5-national-assessment-guide> (Aimsithe ar 12.01.15)

Uí Ghrádaigh, D. (2006) *Céimeanna Beaga: Cúrsa BunGhaeilge Fheidhmiúil do Stiúrthóirí Naíonra*. Forbairt Naíonraí Teoranta. Baile Átha Cliath, Éire.

Uí Ghrádaigh, D. (2005) *Lámhleabhar do Stiúrthóirí Naíonra*. Forbairt Naíonraí Teoranta. Baile Átha Cliath, Éire.

Uí Ghrádaigh, D. (2004). *Cúnamh: Tacábhar Cúram Leanaí 0-6*. Forbairt Naíonraí Teoranta. Baile Átha Cliath, Éire.



# Tacú le Leanaí, le Teaghlaigh agus leis an bPobal

Le Siobhán Uí Bhraoin agus Laura Rawdon



*Beidh rath ar leith  
ar dhul chun cinn  
an linbh má bhíonn  
tacaíocht ar fáil  
ón mbaile don  
mhéid a bheidh ar  
siúl ó thaobh na  
foghlama de sa  
naíonra.*



## ***Síolta***

Tagraíonn *Caighdeáin 3 agus 16: Tuismitheoirí agus Teaghlaigh agus Rannpháirtíocht an Phobail* faoi seach go sonrach do cheisteanna a bhaineann le tacú leis na leanaí, le teaghlaigh agus leis an bpobal.

## ***Aistear***

Tagraíonn *Forannóg 2. Gaolta atá ag Leanaí le Daoine eile* den lámhleabhar *Prionsabail agus Téamaí* do choincheap na comhpháirtíochta le tuismitheoirí agus leis an bpobal.

## ***Sár Shaothar***

Tagraíonn *Cuid 6: Tuismitheoirí* do cheisteanna a bhaineann le tacú le leanaí, le teaghlaigh agus leis an bpobal.

## Na Prionsabail

### Aistear:

*“Is iad na tuismitheoirí na daoine is tábhachtaí le linn luathbhlianta an linbh.” (CNCM 2009: 7)*

### Síolta: Caighdeán 3: Tuismitheoirí agus Teaghlaigh:


*“Chun meas a léiriú ar thuismitheoirí agus ar theaghlaigh agus chun ról a thabhairt dóibh, ba chóir go mbeadh cur chuige gníomhach comhpháirtíochta ann agus, mar fhianaise air sin, go mbeadh raon próiseas, polasaithe agus nósanna imeachta ann atá fógartha go soiléir, fáil éasca orthu, agus curtha i bhfeidhm.” (LFOLÓ 2006: 31)*

Cinntíonn an bainisteoir go dtacaíonn an stiúrthóir le fás agus le forbairt an linbh faoina c(h)úram trí ghníomhaíochtaí, trí mhodh an tsúgartha agus trí mheasúnú ach is í an chomhpháirtíocht a chruthú agus a chothú idir tuismitheoirí agus cleachtóirí an chéad tosaíocht. Is ar mhaithe leis an leanbh atá sé seo. Tá meas agus muinín idir na páirtithe tábhachtacha chuige seo mar aon le freagracht ar an dá thaobh.

## Na cleachtais

Beidh rath ar leith ar dhul chun cinn an linbh má bhíonn tacaíocht ar fáil ón mbaile don mhéid a bheidh ar siúl ó thaobh na foghlama de sa naíonra. Is gá don bhainisteoir a chinntiú go mbíonn tuismitheoirí/caomhnóirí á gcoimeád ar an eolas maidir le hábhair spéise, scileanna, cumais, claonadh agus gníomhaíochtaí an linbh sa naíonra agus tacú leo i bhforbairt na mbuanna seo sa bhaile.

Is fiú go mór dhá rud a mhíniú do thuismitheoirí: gur ag teacht ina ndiaidh atá an stiúrthóir, mar go bhfuil iliomad foghlamtha ag an leanbh ón tuismitheoir/gcaomhnóir agus gur as láimh a chéile a bheimid ag obair as seo amach. Go deimhin is triantán a bheidh i gceist; an leanbh féin a bheidh i mbun foghlama, an naíonra ag soláthar deiseanna nua foghlamtha agus an baile ag tacú leis an bhfoghlaim sin. Ní ann don tuismitheoir nach mbíonn mealladh, moladh, tacaíocht agus/nó tuiscint de dhíth air/uirthi ó am go chéile, díreach cosúil linn féin.



**Fíor 4:** Triantán Foghlama an Linbh Luathbhlianta.

D'fhéadfadh sé nach mbeadh dea-chuimhní ag an tuismitheoir ar an gcóras oideachais agus gur ghá “Fáilte roimh Thuismitheoirí” a fhógairt go hoifigiúil, scríofa go suntasach agus léirithe le gníomhartha, dá bhrí sin. Túsphointe éifeachtach chuige seo ná cruinniú eolais a reáchtáil sula dtosóidh an leanbh ar an naíonra, cruinniú ag a ndéanfar cur síos ar fhís an naíonra, ar an bhfoireann, ar an gcuraclam agus ar na modhanna a mbaintear úsáid astu. Is gá a bheith an-soiléir faoin gcur chuige maidir le sealbhú teanga ón tús.

Ba cheart eolas faoi cheisteanna praiticiúla, ar nós amanna oscailte, a thabhairt agus cur síos nach beag a dhéanamh ar áiseanna, ar chúrsaí teagmhála, ar chleachtais, ar pholasaithe, ar nósanna déileála le cúrsaí iompar, ar nósmhaireachtaí dea-chleachtais maidir le bia sláintiúil agus mar sin de. Ní mór a mhíniú cad chuige na cleachtais seo agus a léiriú go mbíonn ionchur i gcónaí ag comhpháirtithe oideachais. Seo a leanas breac-chuntas ar an gcruinniú eolais úd:

## Ullmhú don Chruinniú Eolais le Tuismitheoirí Nua

- Tugann an cruinniú eolais seo deis d'fhoireann/do choiste an naíonra agus do na tuismitheoirí aithne a chur ar a chéile, eolas a fháil ar mhodh an naíonra (an súgradh, Montessori, ArdScóip, Steiner) agus ar shuíomh an naíonra.
- Tugtar deis do thuismitheoirí ceisteanna a chur agus eolas a bhailiú ar chur chuige an naíonra, an luath-thumadh iomlán go háirithe, agus ar na nithe praiticiúla a bhaineann le saol laethúil an naíonra (craclam an naíonra – *Síolta* agus *Aistear*, breathnóireacht ar leanaí, gníomhaíochtaí, amhail am lóin agus am ciorcail, srl.).
- Cothaítear dea-chaidreamh idir tuismitheoirí agus foireann an naíonra.
- Pléitear agus deimhnítear polasaithe an naíonra.

## Pleanáil don Chruinniú Eolais

- Roghnaigh dáta leis an bhfoireann agus deimhnigh an t-ionad le haghaidh an chruinnithe.
- Cuir scéala chuig na tuismitheoirí faoin gcruinniú agus áit sa naíonra á tairiscint.
- Seol foirm iontrála agus polasaithe an naíonra chuig na tuismitheoirí ar a laghad coicís roimh an gcruinniú.
- Iarr ar na tuismitheoirí an fhoirm iontrála a chomhlánú agus a thabhairt leo chuig an gcruinniú.
- Iarr ar na tuismitheoirí na polasaithe a léamh go cúramach roimh theacht chuig an gcruinniú dóibh.
- Scaip eolas faoi na scéimeanna a sholáthraítear tríd an naíonra (ECCE, CETS, CCS).
- Cuir an cur i láthair le chéile (is féidir tabhairt faoi seo ag cruinniú foirne).
- Is fiú taispeántas d'obair na leanaí atá sa naíonra faoi láthair a chur le chéile.



## An Cruinniú Eolais

### Ábhar Molta le Plé ar an Oíche

- |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                     |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                  |
|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <ul style="list-style-type: none"> <li>• Polasaithe</li> <li>• An clár lae sa naíonra</li> <li>• An luath-thumadh iomlán</li> <li>• An Ghaeilge</li> <li>• Modh an naíonra</li> <li>• Sonraí teagmhála an naíonra</li> <li>• Socrú síos ag tús na bliana</li> <li>• Cosaint leanaí</li> <li>• Roghanna breise agus táillí</li> <li>• Cúram do leanbh ar leith</li> <li>• Cógaisí Leighis</li> </ul> | <ul style="list-style-type: none"> <li>• Timpistí sa naíonra (éadaí breise sa naíonra)</li> <li>• Rannpháirtíocht na dtuismitheoirí</li> <li>• Fágáil agus bailiú na leanaí ón naíonra – síniú isteach/amach.</li> <li>• Bia folláin</li> <li>• Ailléirge agus cnónna go háirithe</li> <li>• Grianghraif agus físeáin</li> <li>• Mic léinn ar thaithí oibre sa naíonra</li> <li>• Éadaí/Éadaí báistí</li> <li>• Turaí</li> </ul> |
|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|

- Bí cinnte go mbeidh an fhoireann ann go luath le fáilte a chur roimh na tuismitheoirí.
- Leag amach an seomra ar bhealach fáilteach.
- Bailigh na foirmeacha iontrála agus admhálacha sínithe go bhfuil na polasaithe léite agus go bhfuil glactha leo ag na tuismitheoirí.
- Is féidir éarlais a bhailiú ag an gcruinniú.

### **Cáipéisíocht mholta le scaipeadh ag an gCruinniú Eolais**

- Polasaithe an naíonra le léamh, le síniú ag na tuismitheoirí agus le tabhairt ar ais chuig an naíonra.
- Foirm ordaithe (áiseanna).
- Taispeántas áiseanna úsáideacha m.sh. leabhair, dlúthdhioscaí, cluichí agus liosta d'áiseanna eile.
- Bileoga ó na heagrais Ghaeilge.
- Seirbhísí breise ar fáil ón naíonra (seirbhís luathchúraim ar maidin nó i ndiaidh am an naíonra, ranganna Gaeilge, grúpa tuismitheoirí agus leanaí, srl).



## Cruinniú do Thuismitheoirí Nua - Clár Samplach

|          |                              |
|----------|------------------------------|
| 7.30i.n. | Fáilte                       |
| 7.45i.n. | Cur i láthair                |
| 8.30i.n. | Ceisteanna                   |
| 8.45i.n. | Cuairt ar sheomra an naíonra |
| 9.00i.n. | Sólaistí                     |

## I nDiaidh an Chruinnithe

- Déan teagmháil le tuismitheoirí nach raibh i láthair ag an gcruinniú le deis a thabhairt dóibh bualadh isteach ar an naíonra sula n-oscloídh sé do na leanaí ag tús an téarma.
- Déan teagmháil leis na tuismitheoirí arís roimh thús na scoilbhliana chun an dáta tosaigh a chinntiú agus aon cheist a bheidh acu a fhreagairt.

## Tuismitheoirí ag Tacú lena Leanaí agus le hObair an Naíonra

Ó thús na bliana ní mór don tuismitheoir a bheith ar an eolas faoin méid a bhíonn ar siúl ag a leanbh más mian linn go mbeidh an tacaíocht ón mbaile éifeachtach. Tá an iliomad bealach ann lena leithéid a éascú, mar shampla:

- Freastal ar réamhchruinnithe agus ar chruinnithe/imeachtaí.
- Tacaíocht/ionadaíocht do choiste an naíonra.
- Tacú le sealbhú na Gaeilge sa bhaile trí rainn, amhráin a sheinm nó a chanadh agus focail nó frásaí ó nuachtlitir an naíonra a úsáid go nádúrtha.
- Labhairt lena leanaí faoin lá sa naíonra, gan dul thar fóir leis na ceisteanna
- Ealaín na leanaí a chrochadh suas sa bhaile
- Aird a thabhairt ar a mbíonn le feiceáil sa dúlra agus beagán ábhar a bhailiú don naíonra.
- Níl spreagadh níos fearr don chúinne baile ná gruagaire a bheith istigh i mbun cíoradh agus cóirithe go háirithe más é/í an stiúrthóir bocht féin a bheidh mar an mainicín!
- Bainimis leas as rannpháirtíocht na dtuismitheoirí:
  - An bhfuil Mamaí ar fáil le dreas ceoil bheo a sheinm ar an láthair?
  - An bhfuil Daid ar fáil le pancóga a dhéanamh ar Lá na bPancóg?
  - An bhfuil cúnamh lae ar fáil ó thuismitheoir nó ó chaomhnóir a chuirfidh ar chumas an stiúrthóra cabhair bhreise a chur ar fáil do leanbh a bhfuil deacrachtaí luaile aige/aici?
  - Céard faoi scéalaí a thabharfaidh glór nua isteach sa seomra?
- Deiseanna ealaíne a chur ar fáil sa bhaile a bhfuil saoirse bainteach leo. Béim ar an bpróiseas seachas ar an toradh.
- Scileanna réamhlitearthachta a chothú sa bhaile trí scéalta a léamh go rialta agus spéis an leanbh a chothú i siombail ar nós litreacha agus uimhreacha, a bhíonn le feiceáil mórthimpeall ar an leanbh. Chomh maith leis sin, tá dlúthdhioscaí ar fáil le scéalta Gaeilge do leanaí, mar aon le Scéal an Lae, cainéal scéalta TG4 ar YouTube.
- Scéim iasachta leabhar, raonta fuaime de rannta nó scéalta atá in úsáid a chur ar fáil.
- Cluichí agus mála gníomhaíochtaí le tabhairt abhaile ionas go roinnfidh an leanbh an méid atá déanta lena t(h)uismitheoirí.

- Nathanna, focail na rann agus foclóir úsáideach a sheoladh abhaile go rialta chun an teanga a bhíonn á sealbhú sa naíonra a chur in úsáid sa bhaile freisin. Ní mór don naíonra tacú le húsáid na Gaeilge i measc tuismitheoirí chun go bhfeicfidh an leanbh an teanga mar uirlis chumarsáide seachas mar fhoclóir naíonra amháin.
- Ceardlann cluichí nó gníomhaíochtaí sa naíonra a eagrú dírithe ar thuismitheoirí a chumasú i dtaobh na ngníomhaíochtaí/na gcluichí a bhíonn á n-imirt lena leanaí sa naíonra.
- Imeachtaí beaga, b'fhéidir cúpla rann a rá nó cupán "tae" le teidí sa chúinne baile.... an ceann is tábhachtaí go gairid tar éis tosú le go mbeidh seans ag an tuismitheoir a fheiceáil go bhfuil a leanbh ar a c(h)ompord sa teanga agus sa timpeallacht nua.
- Teicneolaíocht faisnéise, leas a bhaint as teicneolaíochtaí nua chun caidrimh a chothú le tuismitheoirí mar shampla, suíomh Idirlín, blag, feidhmchláir agus, i gcásanna áirithe, líonraí sóisialta. Ní mór pleanáil chuige seo sula dtabharfar faoi agus polasaí agus nós imeachta a leagan síos chun sábháilteacht agus príobháideacht a chinntiú.
- Cuireann an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta pacáiste teanga ar fáil saor in aisce do theaghlaigh ar mhaith leo a gclann a thógáil le Gaeilge. Is féidir pacáiste teanga a lorg trí r-phost a sheoladh chuig [ctt@ahg.gov.ie](mailto:ctt@ahg.gov.ie)
- Tá Glór na nGael freagrach as réimse tacaíochta a fhorbairt agus a chur ar fáil do theaghlaigh ar mhaith leo a gclann a thógáil le Gaeilge ina measc, imeachtaí teaghlaigh a eagrú. Is féidir teagmháil a dhéanamh le Glór na nGael ag [teaghlaigh@glornangael.ie](mailto:teaghlaigh@glornangael.ie)



#### Nóta

D'fhéadfadh sé go mbeadh tuismitheoirí an linbh scartha agus, dá bharr sin, go mbeadh dhá chóip den eolas ón naíonra ag teastáil nó go mbeadh ceisteanna nó dúshláin ar leith ag baint le rannpháirtíocht na dtuismitheoirí.

## Comhroinnt Eolais

Éascaíonn an chomhroinnt eolais athrú i saol an linbh agus é/í ag fágáil an bhaile. Ní mór a bheith fáilteach roimh shaineolas an tuismitheora ar a leanbh féin i rith an ama. Treisíonn eolas ar bith, bíodh sé faoi riachtanais nó faoi ábhair spéise an linbh le cumas an bhainisteora dul chun cinn fóna a éascú don leanbh. Bíonn sé tábhachtach don bhainisteoir an t-eolas seo a chomhroinnt leis na stiúrthóirí a bheidh ag plé leis an leanbh ar bhonn laethúil.

Ina theannta sin, moltar nuachtlitir rialta nó clár fógraí eolais a chur ar fáil ag an bhfáiltiú / nó ag doras tosaigh an naíonra, ar a mbeidh cur síos ar théamaí le grianghraif de ghníomhaíochtaí sa naíonra. Is ceart an t-eolas seo a bheith i nGaeilge mar aon le teanga an teaghlaigh (oiread agus is féidir).

Is féidir cúram a dhéanamh agus freastal ar riachtanais speisialta le cruinneolas ón tuismitheoir maidir le cúrsaí sláinte an linbh. Ina dhiaidh sin, beidh sé ríthábhachtach leanúint leis an sruth eolais seo, go neamhfhoirmiúil ó lá go lá, agus go tráthrialta ar bhonn níos foirmiúla de réir mar is gá.

Caithfear discréd a chleachtadh i gcónaí ach gan rúndacht a ghealladh i ngach cás. Tá dualgais orainn i dtaobh na cosanta leanaí, rud atá níos tábhachtaí ná aon rud ní eile (Rawdon 2015).

## Comhionannas agus Éagsúlacht

Caithfidh an bainisteoir a bheith de shíor ag cinntiú go ndéanfar talamh shlán den chomhionannas go córasach, go feiceálach agus ar bhealaí nach smaoineofaí i gcónaí orthu mar shampla, an iliomad bealaí maireachtála a chur faoi chaibidil, meascán de thithíocht a phlé, creidimh agus cultúir éagsúla na tíre a bheith i scéalta an lae agus teaghlaigh de gach sórt a léiriú. Is é an leas is mó atá le baint áfach ná an tuiscint a gheobhaidh an leanbh go bhfuil meas ag an naíonra ar a chultúr baile agus ar a t(h)uismitheoirí. Is féidir leis na tuismitheoirí féin sochar a bhaint as an bpáirtíocht seo agus is minic gurb é an bealach is fearr le feabhas a chur ar shaol an linbh ná tacú le tuismitheoirí ina ról tuismitheora.

Bíonn cinntí á ndéanamh ag tuismitheoirí ar bhonn leanúnach i saol a linbh; gnáthchinntí laethúla mar gheall ar a s(h)láinte, ar an mbia a itheann sé/sí, an chaoi a gcaitheann sé/sí a c(h)uid ama agus mar sin de. Déanann siad mórchinntí freisin faoina c(h)uid oideachais agus faoi eispéireas a mhúnlaíonn na féidearthachtaí dá saol bunaithe ar go leor fachtóirí, lena n-áirítear a c(h)úlra cultúrtha, a t(h)aithí saol, a reiligiún, srl. Is trí chomhoibriú agus trí chomhroinnt eolais idir an naíonra agus an baile a bheidh torthaí fóna ar chinntí a dhéantar maidir le foghlaim agus le forbairt an linbh. Is féidir le tuismitheoirí feidhmiú ar son a gcuid leanaí le breis seirbhísí, acmhainní agus áiseanna áirithe a fháil.

## Cén sochar a bhainfidh an leanbh as an gcomhpháirtíocht?

Tuigfidh an leanbh go léirítear meas dá t(h)uismitheoir, an té is mó tionchar ina s(h)aol go dtí seo. Beidh lorg an bhaile sofheicthe sa naíonra agus beidh sé compordach don leanbh dá bhrí sin. Tabharfar ómós do chultúr an bhaile chomh fada is a bheidh an Ghaeilge á cur chun cinn tríd an luath-thumadh iomlán. Tá buntáistí sofheicthe don leanbh ag baint leis an gcomhpháirtíocht. Breis comhrá, cur agus cúiteamh sa bhaile, a threiseoidh an léitheoireacht amach anseo, mar aon le meas a léiriú sa bhaile don oideachas, a sheasfaidh leis an leanbh go deo.

Ceann de na comharthaí a thugann le fios go bhfuil naíonra ar ardchaighdeán ná go n-oibríonn an naíonra le tuismitheoirí chun timpeallacht a sholáthar ina mbeidh an leanbh sona agus páirteach. Roinntear eolas agus saintaithí agus déantar cinntí chun eispéireas dearfach a thabhairt don leanbh sa naíonra. Ar scáth a chéile!

## Foinsí, Áiseanna agus Breis Léitheoireachta

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2014) *Treoirlínte le hAghaidh an Dea-Chleachtais*. [Ar Líne] Le fáil ag: [http://www.ncca.biz/Aistear/pdfs/Guidelines\\_IRISH/Guidelines\\_IRISH.pdf](http://www.ncca.biz/Aistear/pdfs/Guidelines_IRISH/Guidelines_IRISH.pdf) (Aimsithe ar 04.01.15)

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2009) *Aistear: Creatchuraclam na Luathbhlianta*. An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta: Baile Átha Cliath, Éire.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2009) *Tuismitheoirí Luathbhlianta – breith go 6 bliana*. [Ar Líne] Le fáil ag: <http://www.ncca.ie/ga/Curaclam-agus-Meas-nacht/Tuismitheoiri/Luath-Oige/Tuismitheoir-Luath-ige-breith-go-6-bliana.html> (Aimsithe ar 04.01.15)

An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luathbhlianta (2006). *Síolta: An Chreatlach Náisiúnta d'Oideachas na Luathbhlianta*. [Ar Líne] Le fáil ag: [http://www.siolta.ie/siolta\\_services\\_gl.php](http://www.siolta.ie/siolta_services_gl.php) (Aimsithe ar 04.01.15)

Devlin, Sadhbh agus Frost, Clíona (2007) *SárShaothar sa Naíonra: Cuid 6: Tuismitheoirí*. Forbairt Naíonraí Teoranta. Baile Átha Cliath, Éire.

Early Years (2014) *Le Chéile sa Pháirc*. [Ar Líne] Le fáil ag: <https://www.early-years.org/bookstore/index.php?cat=9> (Aimsithe ar 04.01.15)

Rawdon, Laura (2015) *Lámhleabhar do Stiúrthóirí Naíonra; An Tríú Chló*. Forbairt Naíonraí Teoranta. Baile Átha Cliath, Éire.


Stíobhairt, Déirdre (2006). *Ag Obair le Tuismitheoirí I: Uí Ghrádaigh, Déirdre (Eag.) Cúnamh: 45-46*. Forbairt Naíonraí Teoranta. Baile Átha Cliath, Éire.

Uí Ghrádaigh, Déirdre (2005). *An Stiúrthóir agus an Naíonra I: Uí Ghrádaigh, Déirdre (Eag.) Lámhleabhar do Stiúrthóirí Naíonra: 29-35*. Forbairt Naíonraí Teoranta. Baile Átha Cliath, Éire.



# Foireann a Bhainistiú agus a Fhorbairt

Le Séamus Daltún, MA, ACPID



## Síolta

Tagraíonn Caighdeáin 9, 10, 11, 12, 14 agus 15: Sláinte agus Leas, Eagrú, Cleachtas Gairmiúil, Cumarsáid, Féiniúlacht agus Muintearas agus Reachtaíocht agus Rialú faoi seach go sonrach do cheisteanna a bhaineann le foireann a bhainistiú agus a fhorbairt.

## Aistear

Tagraíonn Comhpháirtíochtaí a Chruthú agus a Chothú idir Tuismitheoirí agus Cleachtóirí sa lámhleabhar Treoirínte le haghaidh an Dea-Chleachtais do choincheap na comhpháirtíochta, rud atá lárnach don fhorbairt agus don bhainistíocht foirne.

## Sár Shaothar

Tagraíonn Caibidil 9: Bainistíocht / Oiliúint do cheisteanna riaracháin, earcaíochta agus forbartha foirne.

## Cultúr Eagraíochtúil

Déanann an cultúr eagraíochtúil ionannas a thabhairt don eagraíocht agus dearbhaíonn sé trí na gnásanna, na creidiúintí, na luachanna, na tuiscintí agus tríd an teanga a úsáidtear ‘an tslí a ndéantar rudaí thart anseo’. Cuimsíonn cultúr eagraíochta na nithe fóna agus céard iad na cleachtais a d’oibrigh cheana.

Is gné an-tábhachtach d’aon ionad oibre an cultúr eagraíochtúil atá ann cibé acu atá ionad beag nó mór i gceist. Is ar an gcúis sin gur maith an rud é aird ar leith a thabhairt don chultúr inmheánach i dtreo is go mbeidh smacht ar iompar daoine agus go mbeidh soiléireacht ann maidir le cleachtais agus le súilíochtaí. Fásann cultúr diaidh ar ndiaidh agus is dúshlánach an rud é é a athrú nuair a bhíonn sé neadaithe le tamall. Bíonn an saol féin dinimiciúil agus ní haon eisceacht í an láthair oibre.

## Earcaíocht, Roghnú agus Forbairt Foirne

In aon eagraíocht is iad na daoine a bhíonn ag obair ann an acmhainn is luachmhaire agus, dá bhrí sin, is cóir a bheith cúramach faoi conas a ndéantar iad a roghnú agus mar a chaitear leo. Tá dúshlán ag baint leis an earcaíocht d’aon eagraíocht. Is rómhinic a earcaítear daoine nach bhfuil oiriúnach don ról agus tosaíonn an bainisteoir ag déanamh na hoibre dóibh mar bíonn náire orthu an botún a rinneadh a aithint. (Welch 2014)

Tá sé ríthábhachtach tabhairt faoin bpróiseas earcaíochta le cur chuige gairmiúil agus cloí le reachtaíocht na tíre. Ba chóir sonrú poist agus sonraíocht faoin bpearsa a ullmhú chun na daoine cearta a fhostú. Leagann an sonrú poist amach céard iad na dualgais a bhaineann leis an bpost agus cuimsíonn sé an t-ionad oibre, na huairéanta oibre, na rialacha oibre agus aon eolas sa bhreis a bheadh ábhartha – m.sh. dualgais bhreise oiliúna nó páistí a bhailiú ón mbunscoil, tiomáint carr, srl. Sa tsonraíocht faoin bpearsa déantar cur síos ar na riachtanais pearsanta atá á lorg ag an bhfostóir, m. sh. scileanna, taithí agus inniúlachtaí. Is féidir nithe inmhiannaithe a shonrú anseo chomh maith, m.sh. teanga(cha) áirithe nó cáilíochtaí gairmiúla. Má bhíonn tuiscint shoiléir ag an bhfostóir ar an saghas fostaí atá á lorg, is mó an seans go dtiocfar ar an duine ceart.

Tar éis an duine ceart a roghnú ní mór don fhostóir aire a thabhairt dó/di. Caithfear é/í a chur ar an eolas maidir le gach freagracht a leagfar orthu agus faoi na polasaithe ar gá dóibh cloí leo. Is gá go mbeidh an bainisteoir ar fáil chun ceistanna a fhreagairt agus chun treoir agus soiléiriú a thabhairt, go háirithe sna laethanta tosaigh. Ní féidir an iomarca béime a chur ar an bhforbairt foirne, breis faoi seo sa chaibidil a leanas (Ról an Stiúrthóra agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach). De réir mar a rachaidh duine i dtaithí ar phost beidh an baol ann go mbeidh an spreagthacht oibre laghdaithe agus go bhféadfadh sé go mbeadh íslíú spéise i gceist. Caithfidh an bainisteoir feidhmiú mar spreagthóir don fhoireann chun an leibhéal spéise agus an dúshlán a choimeád beo. Is iomaí slí atá ann chun duine a spreagadh ach go ginearálta is féidir é seo a dhéanamh trí fhreagrachtaí breise a thabhairt dó/di nó trí dheiseanna forbartha pearsanta ar nós cúrsaí oiliúna/breisoideachais a chur ar fáil dó/di. Is gá, ar ndóigh, dul i gcomhairle leis an bhfostaí faoi seo mar dá mhéad ionchur a bheidh aige/aici féin ann is ea is mó an seans go n-éireoidh leis/léi.

## An Gaol idir an Fostóir agus an Fostaí

Aithnítear go bhfuil i bhfad níos mó i gceist le foireann a bhainistiú ná an gnó teicniúil a bhaineann le nósanna imeachta áirithe a leanúint. Tá gá le bheith in ann gaolmhaireachtaí oibre éifeachtacha a chruthú. Uaireanta beidh gá bainistiú a dhéanamh ar na teannais dosheachanta a thiocfaidh an treo de dheasca coimhlinte idir aidhmeanna na heagraíochta agus mianta na foirne. Ba chóir tabhairt faoi aighneas a réiteach trí thoradh gnóthú-gnóthú a lorg; toradh a mbeidh gach duine sásta leis. Bainfear é seo amach trí éisteacht agus trí bhailíocht dearchtaí éagsúla a aithint agus na tuairimí ar fad a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh.

## Cumarsáid

Ní féidir an iomarca béime a chur ar an luach atá leis an gcumarsáid eagraíochtúil. Bíonn cumarsáid éifeachtach déthreoch, is é sin go seachadtar an teachtaireacht agus go dtuigeann an ‘glacadóir’ go beacht céard go díreach atá i gceist. Tá an ‘éisteacht ghníomhach’ riachtanach don chumarsáid éifeachtach. Ciallaíonn sé sin go gcaithfidh cluas a chur orainn agus an duine eile ag caint linn ionas gur féidir linn na focail agus an bhrí atá i gceist ag an ‘seoltóir’ a thuiscint. Uaireanta is gá ceist a chur chun pointe a shoiléiriú agus cuireann sé seo le luach an phróisis. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh bainisteoirí agus fostaithe ag déanamh cumarsáide lena chéile ag an leibhéal cuí agus ag léiriú measa san idirghníomhaíocht, is é sin duine fásta le duine fásta. Ba chóir don bhainisteoir tuairim an fhostaí a lorg nuair a bhíonn aon athruithe le cur i bhfeidhm. Ní bheidh ar chumas an bhainisteora glacadh le tuairimí an fhostaí i gcónaí ach is cinnte go mbeidh seans i bhfad níos fearr ann go nglacfaí le hathruithe go réchúiseach más rud é gur chuathas i gcomhairle leis/léi roimh ré. Nuair a léiríonn an bainisteoir go dtuigeann sé/sí dearcadh an fhostaí, cé nach féidir é a chur i bhfeidhm ar chúis éigin, is ionann é sin agus ómós a léiriú don dearcadh contrárthachta.

## Polasaithe Acmhainní Foirne Riachtanacha

Tá dualgais áirithe leagtha ar lucht bainistíochta faoin reachtaíocht agus chun iad seo a chomhlíonadh is gá go mbeidh polasaithe áirithe i bhfeidhm. Le cois na ndualgas reachtúil, moltar polasaithe inmheánacha áirithe a chur i bhfeidhm chomh maith.

Soiléiríonn polasaithe na freagrachtaí atá ar pháirtithe leasmhara agus is pointí tagartha luachmhara iad chun daoine a threorú. Tá ceithre chéim thábhachtacha i gceist a bhaineann le gach polasaí;

1. dearadh
2. scaipeadh agus oiliúint
3. cur i bhfeidhm
4. athbhreithniú (agus leasú, más gá)

## **Polasaithe**

- Polasaí Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána
- Polasaí Bainistíochta Neamhláithreachais
- Polasaí chun Bulaíocht, Ciapadh agus Gnéaschiapadh a Chosc
- Polasaí Sláinte agus Sábháilteachta
- Polasaí Comhionannais
- Polasaí Cosanta Sonraí
- Polasaí Earcaíochta agus Roghnaithe Foirne
- Gnáis agus Próiseas Smachta
- Gnáis agus Próiseas Casaoide
- Polasaí Iomarcaíochta
- Polasaí Saoire Breoiteachta
- Polasaí Cothromaíochta Oibre is Saoil

Meabhraigh, más rud é go bhfuil polasaithe i bhfeidhm agat agus go bhfuil gach duine curtha ar an eolas fúthu agus go ndéantar géilliúlacht na bpolasaithe a chinntiú, tá cosaint láidir ar aon dúshlán a thiocfadh an treo.



### **Meabhraigh**

Más rud é go bhfuil polasaithe i bhfeidhm agat agus go bhfuil gach duine curtha ar an eolas fúthu agus go ndéantar géilliúlacht na bpolasaithe a chinntiú, tá cosaint láidir ar aon dúshlán a thiocfadh an treo.

## Foinsí, Áiseanna agus Breis Léitheoireachta

Adare Human Resource Management, Carmichael Centre, The Wheel (2014) *Employer Resources - HR Legislation Library*. [Ar Líne] Le fáil ag: <http://www.employerresources.ie/hr-legislation.html> (Aimsithe ar 20.01.15)

An Coimisinéir Cosanta Sonraí (2015) *Traenáil agus Feasacht Phoiblí*. [Ar Líne] Le fáil ag: <http://cosantasonrai.ie/docs/Training-and-Awareness/1008.htm> (Aimsithe ar an 24.01.15)

An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luathbhlianta (2006). *Siolta: An Chreatlach Náisiúnta d'Oideachas na Luathbhlianta*. [Ar Líne] Le fáil ag: [http://www.siolta.ie/siolta\\_services\\_gl.php](http://www.siolta.ie/siolta_services_gl.php) (Aimsithe ar 04.01.15)

An tÚdarás Comhionannais (2010) *Léiriú ar do Chearta Comhionannais Fhostaíochta: Treoir do na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2008*. [Ar Líne] Le fáil ag: [http://equality.ie/en/Translations/EEA\\_GA.pdf](http://equality.ie/en/Translations/EEA_GA.pdf) (Aimsithe 24.01.15)

An tÚdarás Comhionannais (2010) *Léiriú ar do Chearta Stádais Chomhionannais: Treoir do na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000-2008*. [Ar Líne] Le fáil ag: [http://equality.ie/en/Translations/EEA\\_GA.pdf](http://equality.ie/en/Translations/EEA_GA.pdf) (Aimsithe 24.01.15)

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (2013) *Treoirlínte ar Bhainistiú Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa i mBunscoileanna*. [Ar Líne] Le fáil ag: [http://hsa.ie/eng/Education/Treoir%C3%ADnte\\_ar\\_Bhainisti%C3%BA\\_S%C3%A1bh%C3%A1ilteachta\\_Sl%C3%A1inte\\_agus\\_Leasa\\_i\\_mBunscoileanna.pdf](http://hsa.ie/eng/Education/Treoir%C3%ADnte_ar_Bhainisti%C3%BA_S%C3%A1bh%C3%A1ilteachta_Sl%C3%A1inte_agus_Leasa_i_mBunscoileanna.pdf) (Aimsithe 24.01.15)

Bratton, J. & Gold, J. (2012) *Human Resource Management*. Palgrave Macmillan. Basingstoke, Sasana.

Coiste Cúram Leanaí Chontae & Chathair na Gaillimhe (2008) *Staff Handbook: Community Child Care Services*. [Ar Líne] Le fáil ag: [http://www.galwaychildcare.com/uploadedfiles/Community\\_Staff\\_Handbook.pdf](http://www.galwaychildcare.com/uploadedfiles/Community_Staff_Handbook.pdf) (Aimsithe ar 24.01.15)

Coiste Cúram Leanaí Chontae agus Chathair na Gaillimhe (2008) *Staff Handbook: (Private) Child Care Services*. [Ar Líne] Le fáil ag: [http://www.galwaychildcare.com/uploadedfiles/Private\\_Services\\_Staff\\_Handbook.pdf](http://www.galwaychildcare.com/uploadedfiles/Private_Services_Staff_Handbook.pdf) (Aimsithe ar 24.01.15)

Coiste Cúram Leanaí Chontae agus Chathair na Gaillimhe (2002) *Sample Recruitment Policies & Procedures*. [Ar Líne] Le fáil ag: <http://www.galwaychildcare.com/uploadedfiles/files/Sample%20Recruitment%20PoliciesandProcedures.pdf> (Aimsithe 24.01.15)

Coiste Cúram Páistí Chontae Dhún na nGall Teo. (2015) *DCCC Resources & Good Practice Guidelines*. [Ar Líne] Le fáil ag: [http://www.galwaychildcare.com/uploadedfiles/A\\_Short\\_Guide\\_to\\_Safety\\_HealthWelfare@WorkAct\\_2005.pdf](http://www.galwaychildcare.com/uploadedfiles/A_Short_Guide_to_Safety_HealthWelfare@WorkAct_2005.pdf) (Aimsithe ar 14.01.15)

Daly, B., & Doherty, M. (2010) *Principles of Irish Employment Law*. Clarus Press. Baile Átha Cliath, Éire.

Gunnigle, P., Heraty, N., & Morley, M., (2012) *Human Resource Management in Ireland*. Gill & Macmillan. Baile Átha Cliath, Éire.

Pobal (2014) *Volume 3: Human Resources: For Community and Voluntary Groups*. [Ar Líne] Le fáil ag: [https://www.pobal.ie/Publications/Documents/Managing%20Better\\_Volume%203%20Human%20Resources.pdf](https://www.pobal.ie/Publications/Documents/Managing%20Better_Volume%203%20Human%20Resources.pdf) (Aimsithe ar 04.11.14)

Walton, J., & Valentin, C. (2014) *Human Resource Development: Practices & Orthodoxies*. Palgrave Macmillan. Basingstoke, Sasana.

Welch, Jack (2014) *Lessons on Leadership featuring Jack Welch. Skillsoft Webinar*. [Ar Líne] Le fáil ag: [http://www.skillsoft.com/online-learning-resources/webinar.asp?f=JackWelch\\_Per2014.mp4](http://www.skillsoft.com/online-learning-resources/webinar.asp?f=JackWelch_Per2014.mp4) (Aimsithe ar 14.01.15)



# Ról an Stiúrthóra & Forbairt Ghairmiúil

Le Laura Rawdon



“

*Is ar na stiúrthóirí a bhraithfidh an t-atmaisféar, an timpeallacht foghlama, na luachanna agus an rud is tábhachtaí ar fad, sábháilteacht agus sonas na leanaí.*

”

## ***Síolta***

Tagraíonn Caighdeáin 1, 2, 3, 4, 10, 11, 12, 14, 15: *Cearta an Pháiste, Timpeallachtaí, Tuismitheoirí agus Teaghlach, Comhairliúchán, Eagrú, Cleachtas Gairmiúil, Cumarsáid, Féiniúlacht agus Muintearas agus Reachtaíocht agus Rialú* faoi seach go sonrach do cheisteanna a bhaineann le ról an stiúrthóra agus an fhorbairt ghairmiúil leanúnach.

## ***Aistear***

Tagraíonn na *Treoirínte le haghaidh an Dea-Chleachtais* do choincheap na comhpháirtíochta agus na hidirghníomhaíochta, rudaí atá lárnach do ról an stiúrthóra agus don fhorbairt ghairmiúil leanúnach.

## ***Sár Shaothar***

Tagraíonn *SárShaothar* agus na caibidil uile atá ann do ról an stiúrthóra ar mhaithe le clár d'ardchaighdeán a chur ar fáil do leanaí agus do thuismitheoirí de chuid an naíonra.

Tá ról an-lárnach ag an stiúrthóir in obair an naíonra. Is air/uirthi agus ar an bhfoireann ag obair leis/léi a thiteann ualach na hoibre leis na leanaí. Is ar na stiúrthóirí a bhraithfidh an t-atmaisféar, an timpeallacht foghlama, na luachanna agus an rud is tábhachtaí ar fad, sábháilteacht agus sonas na leanaí.

## Cumas sa Ghaeilge

Tá sé riachtanach go mbeidh cumas feidhmiúil Gaeilge ag stiúrthóirí sa naíonra ionas nach mbeidh ach Gaeilge amháin á labhairt sa naíonra. Is é an luath-thumadh iomlán (féach lch 28) atá i bhfeidhm sna naíonraí. Ciallaíonn sé sin nach mbíonn oiread agus focal amháin in aon teanga nach í an Ghaeilge í le cloisteáil ann.

Caithfidh muintir na naíonraí a bheith muiníneach agus compordach agus Gaeilge á labhairt agus á húsáid acu gach lá. Tá sé tábhachtach mar sin go n-aithnítear gur gá cur lena gcuid saibhris agus cruinnis sa Ghaeilge.

Tá an iliomad bealaí chun amhlaidh a dhéanamh, mar shampla:

- trí fhreastal ar chúrsa cruinnis Gaeilge ó am go ham (scéim deontais ar fáil ó Ghaelscoileanna Teo. <http://www.gaelscoileanna.ie/sceimeanna/sceim-tacaiochta-teanga-do-stiurthoiri-naionra>)
- trí leas a bhaint as aipeanna teanga nua ar nós Duolingo
- trí chairdis a chothú trí Ghaeilge le cainteoirí Gaeilge eile
- trí chuairteanna a thabhairt ar cheantar Gaeltachta
- tríd an nGaeilge a léamh, bíodh sí ar líne ([www.peig.ie](http://www.peig.ie), [nos.ie](http://www.nos.ie) agus/nó [tuairisc.ie](http://www.tuairisc.ie)) nó trí leabhair nó trí ailt a léamh i nuachtáin nó in irisí eile
- trí áiseanna tacaíochta teanga a úsáid go leanúnach (m.sh. [nascanna.com](http://www.nascanna.com), leagan Gaeilge de Microsoft Windows agus de Microsoft Office mar aon leis na foclóirí Gaeilge [www.tearma.ie](http://www.tearma.ie) agus/nó [www.focloir.ie](http://www.focloir.ie))
- trí fhreastal ar chiorcal comhrá nó ar imeachtaí eile Gaeilge. <http://www.peig.ie/pobal/ciorcail-comhra>

## An Ghaeilge

Is í an Ghaeilge teanga an naíonra. Is í an teanga í a labhróidh an stiúrthóir i gcónaí leis na leanaí agus leis an bhfoireann, chomh maith le tuismitheoirí agus le cuairteoirí chomh fada agus is féidir.

Beidh an leanbh ag brath ar a gcloisfidh sé/sí chun an Ghaeilge a shealbhú.

Is léir mar sin go bhfuil an-tábhacht ag baint le foghraíocht agus le fuaimeanna cearta na Gaeilge, chomh maith le foclóir agus struchtúir na teanga. Nuair a bhíonn leanbh ag sealbhú teanga, ní hamháin go mbíonn **fuaimeanna, struchtúir, foclóir agus brí** á sealbhú aige/aici, bíonn sé/sí ag bailiú eolais freisin ar rialacha úsáide na teanga - ar na foirmeacha cearta chomh maith leis an leagan atá oiriúnach don ócáid áirithe chumarsáide.

## Cáilíochtaí

Moltar go mbeadh na cáilíochtaí agus scileanna seo a leanas ag an bpríomhstíúrthóir sa naíonra:

- Ardchaighdeán Gaeilge, idir labhairt agus scríobh (Cáilíocht TEG B2 labhartha inmhianaithe)
- Cáilíocht TEG B2 labhartha inmhianaithe
- CBDO (FETAC) (NFQ L 6) sa Chúram Leanáí (ar a laghad) nó BA in Oideachas na Luathbhlianta (NFQ L 7/8)
- Traenáil gharchabhrach
- Traenáil um chosaint agus leas leanáí

Eolas sa bhreis maidir le cáilíochtaí riachtanacha do Scéim ECCE le fáil ag: <http://dcya.gov.ie>

## Forbairt ghairmiúil leanúnach

Ciallaíonn forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) foghlaim ar feadh an tsaoil do stiúrthóirí ar mhaithe le:

- Scileanna praiticiúla agus acadúla a threisiú
- Deiseanna a gcuid Gaeilge labhartha agus scríofa a chleachtadh agus a fheabhsú
- Tuiscint agus taithí a fháil ar réimse leathan ábhar oiriúnach a bhaineann le hearnáil na Luathbhlianta agus leis an luath-thumadh iomlán

## Cúrsaí oiliúna oiriúnacha d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach an stiúrthóra

- Céim sna Luathbhlianta (NFQ Leibhéal 7/8)
- Teastas Eorpach na Gaeilge
- Ceardlanna Cruinnis Teanga
- Dioplóma nó cúrsa FETAC/QQI i réimse den bhainistíocht

## Tréithe agus buanna pearsanta

Tá ról ar leith ag an stiúrthóir naíonra i saol an linbh. Chomh maith leis na cáilíochtaí thuasluaite, ní mór don stiúrthóir tréithe agus buanna pearsanta riachtanacha a bheith aige/aici chun go mbeadh ar a c(h)umas tabhairt faoi na dualgais go héifeachtúil is go spráúil:

- tuiscint agus gean ar leanáí
- pearsantacht agus tréithe pearsanta den scoth
- tuiscint ar áit lárnach an tsúgartha i saol an linbh
- tuiscint ar an dátheangachas
- tuiscint ar an luath-thumadh iomlán
- tuiscint ar chleachtas leanbh-lárnach
- tuiscint ar thimpeallacht leanbh-lárnach

- dea-shláinte agus duine breá fuinniúil atá in ann aire a thabhairt dá s(h)láinte féin chomh maith le sláinte daoine eile
- foighne agus tuiscint don ghreann
- tuiscint ar bhuanna éagsúla na mball foirne eile, agus a bheith in ann iad a aithint agus a úsáid chun leasa na leanaí
- dea-scileanna cumarsáide agus a bheith in ann comhoibriú le tuismitheoirí, le baill foirne (agus coiste), chomh maith le leanaí
- eolas ar an reachtaíocht ábhartha
- cumas polasaithe a cheapadh i gcomhar le páirtithe leasmhara eile
- cumas fadhbanna a réiteach
- cumas a bheith discréideach
- ardsceileanna cumarsáide agus idirphearsanta, mar aon le taithí ar chaidreamh éifeachtach a chothú le daoine ag gach leibhéal
- taithí bhainistíochta
- ardsceileanna eagrúcháin agus riaracháin
- taithí agus tuiscint ar earnáil na luathbhlianta
- a bheith in ann obair a dhéanamh as a stuaim féin

## Cruthú na Timpeallachta

Caithfidh an stiúrthóir an timpeallacht a struchtúru chun cabhrú le forbairt iomlán gach aon leanbh ar leith, mar aon leis an dara teanga a chur chun cinn agus é sin a dhéanamh i suíomh glan, sábháilte, spreagúil.

Ní mór don timpeallacht a bheith feiliúnach do na leanaí agus don fhoireann:

- na gníomhaíochtaí a bheith leagtha amach go cuí
- teacht a bheith ag gach leanbh, leanbh faoi bhac fisiciúil nó radharcach san áireamh, ar na hábhair éagsúla
- go mbeidh na leanaí in ann feidhmiú ann go neamhspleách, ábhair a aimsiú dóibh féin agus iad a chur ar ais
- spás oiriúnach a bheith ar fáil d'obair ghrúpa, obair chiorcail, obair fhisiciúil, cluichí luaile, srl.
- go mbeidh sé le feiceáil go bhfuil an comhionannas i réim
- go mbeidh an fhoireann in ann súil a choimeád ar gach rud, gluaiseacht i measc na leanaí agus idirghníomhú leo ina n-aonar nó ina ngrúpaí éagsúla de réir mar a oirfidh
- go mbeidh an fhoireann in ann tabhairt faoi bhreathnóireacht rialta ar na leanaí
- go mbeidh an trealamh éasca le glanadh
- go mbeidh spás, ag leibhéal súl na leanaí, chun obair na leanaí agus ábhar suimiúil eile a chur ar taispeánt

- go mbeidh áit ann le ligean do phéinteáil triomú
- spás lasmuigh inar féidir leis na leanaí rith thart faoin aer, dreapadh srl.
- deis aclaíochta taobh istigh ar fáil mura mbíonn a leithéid ar fáil
- go mbeidh cathaoireacha oiriúnacha ann don fhoireann le gur féidir leo suí go compordach leis na leanaí

## **Ról an Stiúrthóra sa Súgradh i gComhthéacs Shealbhú na Gaeilge agus Forbairt Teanga**

Chomh maith leis an timpeallacht a chruthú tá ról an-tábhachtach ag an stiúrthóir sa súgradh féin i gcomhthéacs shealbhú na Gaeilge agus forbairt teanga na leanaí.

Bíonn na leanaí ag forbairt agus ag foghlaim trí mhodh an tsúgartha, ach is gá go mbeadh ball foirne in aice láimhe chun:

- an focal nó frása, an rann nó an t-amhrán a sholáthar nuair a bhíonn an t-am ceart ann chuige
- na deiseanna foghlama a thagann tríd an súgradh a aithint agus an nóiméad ceart sin a aithint chun an t-aitheantas, an focal, an misniú, an tacaíocht – an scafaill mar a thugtar air – a chur ar fáil le cabhrú leis an leanbh dul chun cinn a dhéanamh ag a ráta forbartha féin
- go n-aithneofar cén uair gur fearr scaoileadh leis an leanbh ina c(h)uid fiontraíochta féin agus gan cur isteach air/uirthi le rudaí a insint dó/di.

## **Conclúid**

Is léir go bhfuil ról ríthábhachtach ag an stiúrthóir i saol an linbh agus is gá an ról speisialta seo a aithint agus tacú leis na tuismitheoirí forbairt iomlán an linbh a chur chun cinn trí mhodh an luath-thumtha iomláin sa naónra.

## Foinsí, Áiseanna agus Breis Léitheoireachta

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2009). *Aistear: Creatchuraclam na Luathbhlianta*. [Ar Líne] Le fáil ag: <http://www.ncca.biz/Aistear> (Aimsithe ar 04.01.15)

An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luathbhlianta (2006). *Síolta: An Chreatlach Náisiúnta d'Oideachas na Luathbhlianta*. [Ar Líne] Le fáil ag: [http://www.siolta.ie/siolta\\_services\\_gl.php](http://www.siolta.ie/siolta_services_gl.php) (Aimsithe ar 04.01.15)

Hickey, Tina (1997) *An Luath-Thumadh in Éirinn: Na Naíonraí*. ERIC Clearinghouse. Baile Átha Cliath, Éire.

Rawdon, L. (2014) (eag.) *Súil, súil eile...An Bhreathnóireacht ar Shealbhú na Gaeilge i gComhthéacs Fhorbairt Iomlán an Linbh*. Forbairt Naíonraí Teoranta. Baile Átha Cliath, Éire.

TEG (2014) *Siollabas Mheánleibhéal 2*. [Ar Líne] Le fáil ag: [http://www.teg.ie/fileupload/syllabi/B2\\_syll.pdf](http://www.teg.ie/fileupload/syllabi/B2_syll.pdf) (Aimsithe ar 04.01.15)

Uí Ghrádaigh, D. (2006) (eag.) *Céimeanna Beaga*. Forbairt Naíonraí Teoranta. Baile Átha Cliath, Éire.

Uí Ghrádaigh, D. (2005) (eag.) *Lámhleabhar do Stiúrthóirí Naíonra*. Forbairt Naíonraí Teoranta. Baile Átha Cliath, Éire.



# Féinbhainistiú agus Féinfhorbairt Leanúnach

Le hAisling Breathnach



“

Chun go mbeidh seirbhís ardchaighdeán ann, is gá go bhfeicfear é (an mhaoirseacht) mar chuid de chóras foirmiúil bainistíochta a chuirfidh forbairt, pleanáil agus athbhreithniú chun cinn.

”

## **Síolta**

Tagraíonn Caighdeán 10 agus 11: Eagrú agus Caighdeán Cleachtas Gairmiúil go sonrach do cheisteanna na féinbhainistíochta agus na féinfhorbartha.

## **Aistear**

Tagraíonn Comhpháirtíochtaí a Chruthú agus a Chothú idir Tuismitheoirí agus Cleachtóirí sa lámhleabhar Treoirínte le haghaidh an Dea-Chleachtais do choincheap na comhpháirtíochta, rud atá lárnach don cheannaireacht.

## **Sár Shaothar**

Tagraíonn Caibidil 9: Bainistíocht / Oiliúint do cheisteanna riaracháin, earcaíochta agus forbartha foirne.

Is iomaí athrú atá ag titim amach san earnáil luathbhlianta in Éirinn faoi láthair, rud atá á phlé ar an leibhéal is airde, ar ndóigh, ós rud é gurb ábhar tosaíochta é do leanaí agus dá muintir.

Dar leis an Sainghrúpa Comhairleach um Straitéis na Luathbhlianta braitheann éifeacht seirbhíse luathbhlianta ar chaighdeán na seirbhíse sin (2013: 16). Tá fianaise ann go bhfuil an tairbhe le feiceáil i leanaí nuair atá an t-ionad ar ardchaighdeán agus a mhalairt mura bhfuil sé ar ardchaighdeán. (McCartney 2007 agus Start Strong 2010: 40)

## **Forbairt foirne tríd an athmhachnamh**

Is féidir athmhachnamh a dhéanamh ar fhorbairt an chleachtais leis an bhfoireann trí cheisteanna athmhachnamha a chur ar an gcleachtóir/stiúrthóir.

### **Cén uair a tharlaíonn sé seo?**

Tar éis cruinniú nó gníomhaíochta is féidir ceisteanna athmhachnamha a chur bunaithe ar an méid a tharla.

Tugann seo tacaíocht don fhoireann, do na rudaí atá ag obair go maith dóibh agus do ghnéithe den obair ar chóir níos mó machnaimh a dhéanamh orthu.

1. Cad a tharla?
2. Cad a bhí go maith nó go dona faoi?
3. Cén difir a dhéanann sé?
4. Cad eile is féidir liom a dhéanamh?
5. Cad is féidir a fhoghlaim dá bharr seo?
6. Cad a dhéanfa an chéad uair eile?
7. Conas a athróidh sé mo chuid cleachtais?

**Is féidir go mbeidh na gnéithe seo a leanas i gceist leis an athmhachnamh:**

### **Comhnascadh idir teoiric agus cleachtas:**

Cabhraíonn sé, más féidir, teoiric a chomhnascadh anseo leis an gcleachtas, mar shampla an teoiric faoin leanbh agus gaolta le daoine eile. An tábhacht a bhaineann le cabhrú leis an leanbh a bheith socair sa suíomh ina bhfuil sé/sí ionas gur féidir leis/léi an saol mór a fhiosrú agus a iniúchadh, cé go mbeidh an stiúrthóir fós ann nuair is gá dó/di teacht ar ais chun socrú síos.

### **Gaol idir an bainisteoir, an chuid eile den fhoireann agus na tuismitheoirí:**

Cé chomh maith is a bhíonn an fhoireann agus iad ag déanamh obair ar ghnéithe áirithe as láimh a chéile? An ann d'idirghníomhaíocht a d'fhéadfaí a chomhroinnt leis an tuismitheoir agus/nó an bhféadfaí níos mó eolais a lorg faoi ghné éigin eile?

### **Buanna pearsanta / cleachtais ag obair le leanaí:**

Conas a chabhraigh an stiúrthóir chun an deis foghlamtha a bhí ann don leanbh a fhorbairt agus cén taithí éagsúil atá ag an stiúrthóir?

## Suíomh a bhfuil dúshlán nó laige ann:

Cad atá le foghlaim ag an stiúrthóir agus conas a d'fhéadfadh sé/sí tabhairt faoi ionas go mbeadh sé/sí níos éifeachtaí ina c(h)uid oibre?


## Na straitéisí chun é seo a chur is bhfeidhm:

Cleachtais is gá a athrú nó a fhorbairt agus aon traenáil ar gá teacht uirthi chun é seo a dhéanamh.

## Athmhachnamh an bhainisteora

Is ar na prionsabail céanna a dhéanfaidh an bainisteoir athmhachnamh ar a c(h)leachtais féin ach le ceisteanna níos oiriúnaí do ról an bhainisteora:

- Cad a bhí le baint amach?
- Cén fáth ar ghníomhaigh mé mar sin?
- Cén tionchar a imríonn mo chuid gníomhaíochtaí ar an bhfoireann/orm féin/ar an naíonra?
- Conas a bhraith mé le linn na gníomhaíochta?
- Conas a bhraith an fhoireann le linn na gníomhaíochta?
- Conas a tháinig mé ar an tuiscint sin?
- An bhféadfainn déileáil leis an suíomh/leis an gcás seo ar bhealach ní b'fhearr?
- Cad iad na roghanna eile a bhí agam?
- Cad iad na himpleachtaí a bheadh ag na roghanna eile seo?



Fíor 5: Samhail Athmhachnaimh Gibbs (1988)

Trí athmhachnamh a chleachtadh is féidir leis an bhfoireann:

- Teacht ar bhealach nua chun tabhairt faoi ghníomhaíocht
- Ceist a shoiléiriú
- Scil a fhorbairt
- Fadhb a réiteach
- Dea-chaidreamh a chur chun cinn

## Forbairt foirne trí mhaoirseacht

Dar le Coiste Cúraim Leanaí Bhaile Átha Cliath Theas (SDCCC):

*Is éard is maoirseacht ann ná deiseanna foirmiúla rialta do bhainisteoir agus don fhoireann chun caidreamh a fhorbairt ionas gur féidir an obair forbartha foirne a phlé, athbhreithniú a dhéanamh ar dul chun cinn agus pleananna a dhéanamh don todhchaí ionas gur féidir an caighdeán is fearr a sholáthar do leanaí agus dá muintir. (2014)*


## Feidhmeanna na maoirseachta le linn an tseisiúin

**Bainistíocht:** Déanfar bainistiú ar an seisiún, ag nascadh aidhmeanna agus spriocanna agus ag déanamh obair na heagraíochta.

**Tacaíocht:** Tabharfar tacaíocht don stiúrthóir, ag déanamh nascadh idir a t(h)uisceint agus a c(h)uid oibre sa tseirbhís.

**Forbairt:** Déanfar nascadh idir forbairt a scileanna agus foghlaim an stiúrthóra.

**Aiseolas:** Déanfar nascadh idir gach ar tharla i rith an tseisiúin agus tabharfar aiseolas don eagraíocht féin agus don lucht bainistíochta.



## Timthriall Seisiúin Mhaoirseachta Page agus Wosket a Úsáid:


**Conradh:** Leagan síos teorann, feidhm, sprioc, freagracht, leagan amach agus eagrúchán an tseisiúin agus eagrúchán aiseolais.

**Díriú:** Ábhar agus aidhmeanna an tseisiúin a chomhaontú agus conas an t-am leis an maoirseoir a úsáid.

**Spás:** Ábhar a fhiosrú agus eolas a bhailiú.

**Droichead:** Tarraingt ar do chuid taithí chun plan gníomhach a dhéanamh dírithe ar an naíonra.

**Athbhreithniú:** Conas a bhí an seisiún don bheirt? Ar baineadh amach na spriocanna, an raibh aiseolas ann don stiúrthóir agus ar leagadh amach spriocanna don chéad seisiún eile?



Is buntáiste don eagraíocht, don bhainisteoir agus don fhoireann é maoirseacht a dhéanamh. Chun go mbeidh seirbhís ardchaighdeán ann, is gá go bhfeicfear é mar chuid de chóras foirmiúil bainistíochta a chuirfidh forbairt, planáil agus athbhreithniú chun cinn.

Tá an mhaoirseacht ina cuid den chóras:

### **An stiúrthóir san eagraíocht:**

- Maoirseacht
- Breithmheas
- Modh Gearán/Smachta

### **An fhoireann / grúpa san eagraíocht**

- Cruinniú foirne
- Cruinniú foirne um planáil/athbhreithniú
- Cruinniú foirne um neartú/athmhachnamh

### **An bhainistíocht**

- Cruinniú ceannairí/treoraithe seomraí
- Cruinniú Boird

**An eagraíocht í féin**

- Cruinnithe den eagraíocht ina hiomláine
- Cruinnithe pleanála agus athbhreithnithe

**Is gá don bhainisteoir na nithe seo a leanas a chur san áireamh:**

- Gur gá do stiúrthóir aitheantas a thabhairt do gach stiúrthóir eile agus dá gcuid buanna.
- An tábhacht a bhaineann le cumarsáid mhaith a chothú leis an bhfoireann.
- An gá le bheith treallúsach dearfach ionat féin agus a bheith féinmhuiníneach ionas gur féidir leat muinín a chothú/a mhúscailt i ndaoine eile.
- A bheith feasach faoin dea-chleachtas agus faoi ghairmiúlacht a léiriú.
- Athmhachnamh a dhéanamh ar do chuid cleachtais féin mar bhainisteoir san earnáil cúraim leanaí.

Tá réimse féinmheasúnachtaí ar líne ar fáil chun scileanna bainistíochta a mheas. Cé nach bhfuil na tacaíochtaí seo ar fáil as Gaeilge, d'fhéadfadh sé go gcabhródís le bainisteoir a c(h)uid buanna agus laigí a aithint, machnamh a dhéanamh orthu ar mhaithe lena bhfeabhsú. Is iad seo a leanas roinnt samplaí d'féinmheasúnachtaí féideartha:

**Déan measúnacht ar do scileanna bainistíochta**

(Cengage Learning 2014)

**Cé chomh maith agus atá tú ag na príomhscileanna bainistíochta?**

(Eye 2 Eye Development LTD 2014)

**Ceistneoir féinmheasúnachta bainistíochta**

(Arringdale 2008)

## Foinsí, Áiseanna agus Breis Léitheoireachta

An tSainghrúpa Chomhairligh um Straitéis na Luathbhlianta (2013) *Right From the Start: Report of the Expert Advisory Group on the Early Years Strategy*. [Ar Líne] Le fáil ag: <http://www.dcy.gov.ie/documents/policy/RightFromTheStart.pdf> (Aimsithe ar 24.03.15)

Arringdale, Chris (2008) *Managers' Self-Assessment Questionnaire*. [Ar Líne] Le fáil ag: [http://www.hr.com/en/app/blog/2008/10/managers-self-assessment-questionnaire\\_fm49e5ez.html](http://www.hr.com/en/app/blog/2008/10/managers-self-assessment-questionnaire_fm49e5ez.html) (Aimsithe ar 24.01.15)

Cengage Learning (2014) *Assess your management skills*. [Ar Líne] Le fáil ag: <http://college.cengage.com/business/griffin/fundamentals/3e/students/assessment/> (Aimsithe ar 24.01.15)

Eye 2 Eye Development LTD (2014) *How good are you at key management skills?* [Ar Líne] Le fáil ag: [http://www.eye2eyedev.com/resourcedir/Management\\_skills\\_quiz.pdf](http://www.eye2eyedev.com/resourcedir/Management_skills_quiz.pdf) (Aimsithe ar 24.01.15)

McCartney, Kathleen (2007) *Current Research on Child Care Effects*. [Ar Líne] Le fáil ag: <http://www.child-encyclopedia.com/child-care-early-childhood-education-and-care/according-experts/current-research-child-care-effects> (Aimsithe ar 24.03.15)

Start Strong (2010) *Children 2020: Planning Now, for the Future*. [Ar Líne] Le fáil ag: [http://www.startstrong.ie/files/Children\\_2020\\_Planning\\_Now\\_for\\_the\\_Future.pdf](http://www.startstrong.ie/files/Children_2020_Planning_Now_for_the_Future.pdf) (Aimsithe ar 24.03.15)



# Inmharthanacht an Naíonra a chinntiú

Le Seán Ó hAdhmaill



*Ba chóir don bhainisteoir  
na saincileanna pleanála  
céanna a bhíonn in  
úsáid i dtaobh curaclaim  
uileghnéitheach an  
naíonra a sholáthar do  
na leanaí a úsáid chun  
pleanáil i dtreo todhchaí  
físe an naíonra féin.*



## Síolta

Tagraíonn *Caighdeán 2 agus 11: Timpeallacht agus Caighdeán Cleachtas Gairmiúil* go sonrach do cheisteanna inmharthanachta agus bainistíochta rioscaí.

## Aistear

Tagraíonn *Comhpháirtíochtaí a Chruthú agus a Chothú idir Tuismitheoirí agus Cleachtóirí* sa lámhleabhar *Treoirínte le haghaidh an Dea-Chleachtais* do choincheap na comhpháirtíochta, rud atá lárnach do rioscaí a sheachaint.

## Sár Shaothar

Tagraíonn *Caibidil 9: Bainistíocht / Oiliúint* do cheisteanna riaracháin, earcaíochta agus forbartha foirne.

Tuigeanann gach bainisteoir go ríshoiléir go n-imríonn fachtóirí éagsúla tionchar ar ráth nó ar mheath an naíonra. Ardófar roinnt ceisteanna sa chaibidil seo mar thacaíocht don bhainisteoir réamhghníomhú agus cinnidh a ghlacadh go luath a d'fhéadfadh cabhrú le hinmharthanacht an naíonra a chinntiú.

## Pleanáil Forbartha

Ba chóir don bhainisteoir na sainscileanna pleanála céanna a bhíonn in úsáid i dtaobh curaclaim uileghnéitheach an naíonra a sholáthar do na leanaí a úsáid chun pleanáil i dtreo todhchaí físe an naíonra féin. Cé nach gá, i gcásanna ar leith, don naíonra fás go minic nuair a thógtar faoi phróiseas pleanála forbartha, aithnítear go bhfuil níos mó deiseanna oscailte don naíonra má tá an naíonra ag fás. Is dá bhrí sin a mholtar do bhainisteoirí, i gcomhpháirt leis an úinéir nó leis an gcoiste, plean forbartha a chur le chéile ar mhaithe le hinmharthanacht an naíonra a chinntiú.

Seo a leanas teimpléad de phlean forbartha mar áis don bhainisteoir:

